

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta \*

7 Nollaig 2021



An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Clár

### II Gníomhartha neamhrechtacha

#### RIALACHÁIN

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2151 ón gComhairle an 6 Nollaig 2021 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2020/1998 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sárúithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine ..... 1
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2152 ón gComhairle an 6 Nollaig 2021 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin ..... 7
- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2153 ón gCoimisiún an 6 Lúnasa 2021 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an critéar le haghaidh gnólachtaí infheistíochta áirithe a chur faoi réir cheanglais Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 <sup>(1)</sup> ..... 9
- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2154 ón gCoimisiún an 13 Lúnasa 2021 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear critéir iomchuí chun catagóirí foirne a shainathint a bhfuil tionchar ábhartha ag a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca gnólachta infheistíochta nó ar na sócmhainní a bhainistíonn sé <sup>(1)</sup> ..... 11
- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2155 ón gCoimisiún an 13 Lúnasa 2021 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na haicmí ionstraimí a léiríonn go hiomchuí cáilíocht chreidmheasa an ghnólachta infheistíochta mar ghnóthas leantach agus socruithe malartacha féideartha is iomchuí a úsáid chun críoch luacha saothair inathraithigh <sup>(1)</sup> ..... 17
- ★ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/2156 ón gCoimisiún an 17 Meán Fómhair 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí shaotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh a bhunú le haghaidh an heipitéas eansótach <sup>(1)</sup> ..... 26

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2157 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2021 lena dtionscnaítear athbhreithniú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1266 agus (AE) 2021/1267 lena leathnaítear faoi seach an dleacht frithdhumpála chinntitheach agus an dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail arna gcur chun bealaigh ó Ceanada a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh Ceanada iad nó ná bíodh, athbhreithniú chun a chinneadh an féidir díolúine ó na bearta sin a thabhairt do tháirgeoir onnmhairiúcháin amháin de chuid Ceanada, lena n-aisghairtear an dleacht frithdhumpála a mhéid a bhaineann le hallmhairí ón táirgeoir onnmhairiúcháin sin agus lena gcuirtear allmhairí ón táirgeoir onnmhairiúcháin sin faoi réir a gláraithe ..... 28
- ★ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2158 ón gCoimisiún an 6 Nollaig 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras clasaiceach na muc <sup>(1)</sup> ..... 35

## CINNÍ

- ★ Cinneadh (AE) 2021/2159 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh tar éis iarratas ón Spáinn – EGF/2021/001 ES/País Vasco metal ..... 38
- ★ Cinneadh (CBES) 2021/2160 ón gComhairle an 6 Nollaig 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1999 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sárúithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine ..... 40
- ★ Cinneadh (CBES) 2021/2161 ón gComhairle an 6 Nollaig 2021 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1788 chun tacú le Teach Imréitigh Oirdheisceartagus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Arm Éadrom (SEESAC) chun cur chun feidhme an Treochláir Réigiúnaigh maidir le gáinneáil aindleathachar airm a chomhrac sna Balcáin Thiar ..... 46

---

<sup>(1)</sup> Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

## II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

## RIALACHÁIN

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2151 ÓN gCOMHAIRLE  
an 6 Nollaig 2021**

**Iena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2020/1998 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sárúithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2020/1998 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sárúithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(4) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 7 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2020/1998.
- (2) De bhun Airteagal 14(4) de Rialachán (AE) 2020/1998, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar an liosta de na daoine nádúrtha nó dlítheanacha, na heintitis nó na comhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin. Ar bhonn an athbhreithnithe sin, ba cheart an iontráil maidir le duine éagtha amháin a bhaint den Iarscríbhinn sin agus ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le seachtar a nuashonrú.
- (3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2020/1998 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1998 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Nollaig 2021.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
J. CIGLER KRALJ

<sup>(1)</sup> IO L 410 I, 7.12.2020, lch. 1.

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1998, leasaítear an liosta de na daoine nádúrtha a leagtar amach i Roinn A (“Daoine nádúrtha”) mar a leanas:

- (1) scriostar iontráil 11 (a bhaineann le Mohammed Khalifa AL-KANI (ar a dtugtar freisin: Mohamed Khalifa Abderrahim Shaqqi AL-KANI, Mohammed AL-KANI, Muhammad Omar AL-KANI);
- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha maidir leis an seacht nduine nádúrtha seo a leanas:

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
“4.	Viktor Vasilievich (Vasilyevich) ZOLOTOV	Виктор Васильевич ЗОЛОТОВ	<p>Post/Poist: Stiúrthóir ar Federal Service of National Guard Troops of the Russian Federation (Rosgvardia)</p> <p>Dáta breithe: 27.1.1954</p> <p>Áit bhreithe: Sasovo, Russian SFSR (Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Tá Viktor Vasilievich Zolotov ina Stiúrthóir ar Federal Service of National Guard Troops of the Russian Federation (Rosgvardia) ón 5 Aibreán 2016 i leith agus, dá bhrí sin, ina Ardcheannasaí ar National Guard Troops of the Russian Federation, agus ina Cheannasaí ar OMON, aonad soghluaiste sainchuspóireach arna chomhtháthú in Rosgvardia. Sa cháil seo, déanann sé formhaoirseacht ar ghníomhaíochtaí uile thrúpaí Rosgvardia agus OMON. Ina cháil mar stiúrthóir Rosgvardia, tá sé freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, lena n-áirítear gabhálacha agus coinneálacha treallacha, agus sárúithe forleathana córasacha ar shaoirse comhthionóil shíochánta agus comhlachais, go háirithe trí chur faoi chois foréigineach agóidí agus léirsithe.</p> <p>Fostaíodh Rosgvardia chun deireadh a chur leis na léirsithe ar son Navalny a reáchtáladh an 23 Eanáir agus an 21 Aibreán 2021, agus tuairiscíodh gur úsáid roinnt mhaith oifigigh de chuid OMON agus an Gharda Náisiúnta brúidiúlacht agus foréigean in aghaidh na n-agóideoirí. D’ionsaigh na fórsaí slándála na scórtha iriseoirí, lena n-áirítear comhfhreagraí Meduza, Kristina Safronova, ar bhuail oifigeach OMON í agus iriseoir ó Novaya Gazeta, Yelizaveta Kirpanova, a bhí ag cur fola i ndiaidh buille a fháil sa cheann le smachtín. Le linn na léirsithe an 23 Eanáir 2021, chuir na fórsaí slándála níos mó ná 300 mionaoiseach faoi choinneáil go treallach.</p>	2.3.2021
5.	ZHU Hailun	朱海仑 (Litriú Síneach)	<p>Post/Poist: Comhalta den 13th National People’s Congress of the People’s Republic of China (ina suí ó 2018 go 2023) agus ionadaíocht á déanamh aige ar Xinjiang Uyghur Autonomous Region (XUAR); Ball den National People’s Congress</p>	<p>IarRúnaí ar Political and Legal Affairs Committee of the Xinjiang Uyghur Autonomous Region (XUAR) agus iarLeas-Rúnaí an Party Committee of the XUAR (2016 go 2019). IarLeas-Cheann ar Standing Committee of the 13th People’s Congress of the XUAR, comhlacht reachtach réigiúnach (2019 go dtí an 5 Feabhra 2021, ach gníomhach i gcónaí go dtí Márta 2021, ar a laghad). Comhalta den 13th National People’s Congress of the People’s Republic of China (ar seisiún ó 2018 go 2023) agus</p>	22.3.2021



	Ainmneacha (Traslitríú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
			<p>Supervisory and Judicial Affairs Committee (ón 19 Márta 2018 i leith)</p> <p>Dáta breithe: Eanáir 1958</p> <p>Áit bhreithe: Lianshui, Jiangsu (China)</p> <p>Náisiúntacht: Síneach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>ionadaíocht á déanamh aige ar XUAR. Comhalta den National People's Congress Supervisory and Judicial Affairs Committee ón 19 Márta 2018 i leith.</p> <p>Ina cháil mar Rúnaí ar Political and Legal Affairs Committee of the XUAR (2016 go 2019), is é Zhu Hailun a bhí freagrach as an tslándáil inmheánach agus forfheidhmiú an dlí in XUAR. Mar sin, bhí príomhról polaitiúil aige agus maoirseacht ar chláir faireachais, coinneála agus síolteagaisc ar mórscála, agus cur chun feidhme an chláir sin, faoina chúram aige ina ndéantar spriocdhírú ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile. Tá trácht déanta ar Zhu Hailun mar 'aitire' an chláir sin. Tá sé freagrach, dá bhri sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tSín, go háirithe coinneálacha treallacha ar mórscála a rinneadh ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile.</p> <p>Mar Leas-Cheann an Standing Committee of the 13th People's Congress of the XUAR (2019 go dtí an 5 Feabhra 2021), lean Zhu Hailun de thionchar cinntitheach a imirt in XUAR mar a bhfuil an clár faireachais, coinneála agus síolteagaisc ar mórscála ina ndéantar spriocdhírú ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile ag dul ar aghaidh.</p>	
9.	JONG Kyong-thaek (ar a dtugtar freisin: CHO'NG Kyo'ng-t'aek)	정경택 (Litríú Cóiréach)	<p>Post/Poist: Aire Slándála Stáit an Democratic People's Republic of Korea (DPRK)</p> <p>Dáta breithe: idir 1.1.1961 agus 31.12. 1963</p> <p>Náisiúntacht: Democratic People's Republic of Korea (DPRK)</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is é Jong Kyong-thaek Aire Slándála Stáit Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPRK) ó 2017. Tá Aireacht Slándála Stáit DPRK ar cheann de na hinstitiúidí ceannródaíocha a bhfuil de chúram orthu beartais slándála choiscitheacha DPRK a chur chun feidhme, lena ndírítear ar easaontas polaitiúil, teacht isteach faisnéise 'treascraí' ó thar lear agus aon iompar eile a mheastar a bheith ina bhagairt thromchúiseach ar an gcóras polaitiúil agus ar a cheannaireacht a shainiúint agus a chur faoi chois.</p> <p>Ina cháil mar Cheann ar an Aireacht Slándála Stáit, tá Jong Kyong-thaek freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, go háirithe céasadh agus íde nó pionóis eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, básuithe agus maruithe</p>	22.3.2021

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
				seachbhreithiúnacha, achomair nó treallacha, fuadach, agus gabháil agus coinneáil threallach, mar aon le saothar éignithe forleathan agus foréigean gnéasach i gcoinne na mban.	
10.	RI Yong Gil (ar a dtugtar freisin: RI Yong Gi, RI Yo'ng-kil, YI Yo'ng-kil)	리영길 (Litriú Cóiréach)	<p>Post/Poist: Aire Cosanta Náisiúnta an Democratic People's Republic of Korea (DPRK)</p> <p>Dáta breithe: 1955</p> <p>Náisiúntacht: Democratic People's Republic of Korea (DPRK)</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is é Ri Yong Gil Aire Cosanta Náisiúnta Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPRK). Ba é an tAire Slándála Sóisialta é ó Eanáir 2021 go dtí Meitheamh nó Iúil 2021. Ba é Ceannasaí ar Fhoireann Ghinearálta an Korean People's Army (KPA) é idir 2018 agus Eanáir 2021.</p> <p>Ina cháil mar Aire Cosanta Náisiúnta, tá Ri Yong Gil freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine in DPRK, lena n-áirítear na sárúithe sin a rinne comhaltaí den Military Security Command agus d'aonaid eile de KPA.</p> <p>Is iad Aireacht Slándála Stáit DPRK (ar a dtugtaí Aireacht Slándála na nDaoine nó Aireacht Slándála Poiblí tráth) agus an Military Security Command na príomhinstitiúidí a bhfuil de chúram orthu beartais slándála choiscitheacha DPRK a chur chun feidhme, lena n-áirítear ceastóireacht agus pionós a chur ar dhaoine a bhí ag teitheadh 'go neamhdhleathach' ó DPRK. Tá an Aireacht Slándála Sóisialta i bhfeighil na gcampaí príosúin agus na n-ionad coinneála oibre trína Biúro Príosúin, mar a mbíonn príosúnaigh agus cimid faoi réir ocrais d'aon ghnó agus íde mhídhonna eile.</p> <p>Ina cháil mar iarCheann ar an Aireacht Slándála Sóisialta, tá Ri Yong Gil freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine in DPRK, go háirithe céasadh agus íde nó pionós eile atá cruálach, mídhonna nó táireach, básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha, achomair nó treallacha, fuadach, agus gabháil agus coinneáil threallach, mar aon le saothar éignithe forleathan agus foréigean gnéasach i gcoinne na mban.</p> <p>Ina cháil mar iarCheannaire ar Fhoireann Ghinearálta KPA, tá Ri Yong Gil freagrach chomh maith as sárúithe tromchúiseacha forleathana ar chearta an duine arna ndéanamh ag KPA.</p>	22.3.2021

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
12.	Abderrahim AL-KANI (ar a dtugtar freisin: Abdul-Rahim AL-KANI, Abd-al-Rahim AL-KANI)	الرحيم الكاني عبد (Litriú Arabach)	Post/Poist: comhalta den Kaniyat Militia Dáta breithe: 7.9.1997 Náisiúntacht: Libiach Uimhir an phas: PH3854LY Uimhir aitheantais: 119970331820 Inscne: fireann	Tá Abderrahim Al-Kani ina chomhalta lárnach den Kaniyat Militia agus is deartháir le Ceann an Kaniyat Militia, Mohammed Khalifa Al-Khani é (a d'éag i mí Iúil 2021). Bhí smacht ag an Kaniyat Militia ar bhaile Tarhuna sa Libia idir 2015 agus Meitheamh 2020. Tá Abderrahim Al-Kani i gceannas ar an tslándáil inmheánach thar ceann an Kaniyat Militia. Sa cháil sin, tá sé freagrach as sárúithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine sa Libia, go háirithe daoine a mharú go seachbhreithiúnach agus a fhuadach le forneart idir 2015 agus Meitheamh 2020 in Tarhuna. Theith Abderrahim Al-Kani agus an Kaniyat Militia ó Tarhuna go luath i mí an Mheithimh 2020 chuig oirthear na Libia. Ina dhiaidh sin, aimsíodh roinnt olluaigheanna in Tarhuna agus meastar gurb é an Kaniyat Militia is cúis leo.	22.3.2021
13.	Aiub Vakhaevich KATAEV (ar a dtugtar freisin: Ayubkhan Vakhaevich KATAEV)	Аиуб Вахаевич КАТАЕВ (ar a dtugtar freisin: Аиубхан Вахаевич КАТАЕВ) (litriú Rúisise)	Post/Poist: IarCheann an Department of Ministry of Internal Affairs de chuid Chónaidhm na Rúise i gcathair Argun sa Chechen Republic Dáta breithe: 1.12.1980 nó 1.12.1984 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Ceann an Department of Ministry of Internal Affairs de chuid Chónaidhm na Rúise i gcathair Argun i bPoblacht na Seisnia go dtí 2018. Ina cháil mar Cheann an Department of Ministry of Internal Affairs de chuid Chónaidhm na Rúise in Argun, rinne Aiub Kataev maoirseacht ar ghníomhaíochtaí a dhéanann gníomhaireachtaí áitiúla um shlándáil an stáit agus gníomhaireachtaí áitiúla póilíneachta. Ina cháil sin, rinne sé féin maoirseacht ar an ngéarleanúint fhorleathan chórasach sa tSeisnia a thosaigh in 2017. Díritear an chos ar bolg ar dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LGBTI), ar dhaoine a mheastar gur de ghrúpaí LGBTI iad, agus ar dhaoine eile a bhfuil amhras ina dtaobh go gcuireann siad i gcoinne Cheann Phoblacht na Seisnia. Tá Aiub Kataev agus fórsaí a bhí faoina cheannas tráth freagrach as sárúithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine sa Rúis, go háirithe céasadh agus íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach chomh maith leis an ngabháil agus an choinneáil threallach agus básúithe agus marúithe seachbhreithiúnacha nó treallacha. Dar le go leor finnétithe, ghlac Aiub Kataev féin, páirt i gcéasadh coinnéalaithe agus rinne sé maoirseacht ar an gcéasadh sin.	22.3.2021

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
14.	Abuzaid (Abuzayed) Dzhandarovich VISMURADOV	Абузайд Джандарович ВИСМУРАДОВ (litriú Rúisise)	<p>Post/Poist: IarCheannasaí ar fhoireann ‘Terek’ de chuid an Special Rapid-Response Unit (SOBR), Leas-Phríomh-Aire an Chechen Republic, garda cosanta neamhoifigiúil Cheann an Chechen Republic, Ramzan Kadyrov</p> <p>Dáta breithe: 24.12.1975</p> <p>Áit bhreithe: Akhmat-Yurt/Khosi-Yurt, Checheno-Ingush Autonomous Soviet Socialist Republic (ASSR) mar a thugtaí air, Chechen Republic mar a thugtar anois uirthi (Cónaidhm na Rúise)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>IarCheannasaí ar Fhoireann ‘Terek’ de chuid an Special Rapid-Response Unit (SOBR). Leas-Phríomh-Aire Phoblacht na Seisnia ón 23 Márta 2020. Garda cosanta neamhoifigiúil Cheann Phoblacht na Seisnia, Ramzan Kadyrov.</p> <p>Ba é Abuzaid Vismuradov ceannasaí fhoireann ‘Terek’ de chuid an SOBR ó Mhárta 2012 go dtí Márta 2020. Ina cháil sin, rinne sé féin maoirseacht ar an ngéarleanúint fhorleathan chórasach sa tSeisnia a thosaigh in 2017. Dírtear an chos ar bolg ar dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinsneacha agus idirghnéasacha (LGBTI), ar dhaoine a mheastar gur de ghrúpaí LGBTI iad agus ar dhaoine eile a bhfuil amhras ina dtaobh go gcuireann siad i gcoinne Ceann Phoblacht na Seisnia Ramzan Kadyrov.</p> <p>Tá Abuzaid Vismuradov agus an t-aonad ‘Terek’ a bhí faoina cheannas roimhe seo freagrach as sárú tromchúiseach a dhéanamh ar chearta an duine sa Rúis, go háirithe céasadh agus íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach chomh maith leis an ngabháil agus an choinneáil threallach agus maruithé agus básuithe seachbhreithiúnacha agus treallacha.</p> <p>Dar le go leor finnétithe, ghlac Abuzaid Vismuradov féin, páirt i gcéasadh coinnéalaithe agus rinne sé maoirseacht ar an gcéasadh sin. Is dlúthchomhlach le Ramzan Kadyrov, Ceann Phoblacht na Seisnia, é, atá i mbun feachtas cos ar bolg i gcoinne a fhreasúra pholaitiúil le roinnt mhaith blianta.</p>	22.3.2021”

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2152 ÓN gCOMHAIRLE**  
**an 6 Nollaig 2021**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 ón gComhairle an 5 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 5 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 208/2014.
- (2) Ar bhonn athbhreithniú a rinne an Chomhairle, ba cheart an iontráil do dhuine amháin agus an fhaisnéis a bhaineann lena gcearta chun cosanta agus lena gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil a scríosadh.
- (3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Nollaig 2021.

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
J. CIGLER KRALJ

---

<sup>(1)</sup> IO L 66, 6.3.2014, lch. 1.

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 mar a leanas:

- (1) I roinn A (“Liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2”), scriostar an iontráil don duine seo a leanas:  
“17. Oleksandr Viktorovych Klymenko (Олександр Вікторович Клименко);
  - (2) I roinn B (“Cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil”), scriostar iontráil 17 a bhaineann le Oleksandr Viktorovych Klymenko freisin.
-

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/2153 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 6 Lúnasa 2021**

**lena bhforlíontar Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an critéar le haghaidh gnólachtaí infheistíochta áirithe a chur faoi réir cheanglais Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE <sup>(1)</sup>, agus go háirithe an tríú fohír d'Airteagal 5(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 5(1) den Treoir (AE) 2019/2034, féadfaidh údarais inniúla a cheangal ar ghnólachtaí infheistíochta áirithe a bheith faoi réir na láimhseála stuamachta céanna agus a bhíonn institiúidí creidmheasa a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup> agus chun cloí le maoirseacht stuamachta faoi Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>.
- (2) Chun críocha an Airteagail 5(1)(a) de Threoir (AE) 2019/2034, ba cheart a shonrú má dhéanann gnólacht infheistíochta gníomhaíochtaí trína sáraítear ar a laghad ceann de cheithre thairseach chainníochtúla le haghaidh díorthaigh thar an gcuntar, frithghealladh ionstraimí airgeadais agus/nó ionstraimí airgeadais a chur ar bhonn ceangaltais dhaingin, creidmheasanna nó iasachtaí a thabhairt do infheisteoirí agus urrús fiachais gan íoc, déantar na gníomhaíochtaí sin ar scála as a bhféadfadh riosca sistéamach a bheith mar thoradh ar chliseadh nó ar thochsal an ghnólachta infheistíochta.
- (3) Mar gheall ar thábhacht shistéamach gníomhaíochtaí gnólachtaí infheistíochta, dá dtagraítear in Airteagal 5 de Threoir (AE) 2019/2034 agus brí shuntasach fhéideartha éifeachta tógálachta thar earnáil airgeadais, ba cheart gnólachtaí infheistíochta ar comhaltaí imréitigh iad mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1)(3) de Rialachán (AE) 2019/2033 agus a thairgeann seirbhísí imréitigh d'institiúidí airgeadais eile nach comhaltaí imréitigh iad, ba cheart iad a mheas chun críocha Airteagal 5(1)(b) de Threoir (AE) 2019/2034.
- (4) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach iad faoi bhráid an Choimisiúin tar éis di dul i gcomhairle leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí.
- (5) Rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(4)</sup>,

<sup>(1)</sup> IO L 314, 5.12.2019, lch. 64.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

<sup>(4)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**An scála gníomhaíochtaí**

Chun críocha an Airteagail 5(1)(a) de Threoir (AE) 2019/2034, measfar gníomhaíochtaí gnólachta infheistíochta a bheith curtha i gcrích ar scála as a bhféadfadh riosca sistéamach a bheith mar thoradh ar chliseadh nó ar thochsal an ghnólachta infheistíochta i gcás ina saraíonn an gnólacht infheistíochta aon cheann de na tairseacha seo a leanas:

- (a) oll-luach barúlach iomláin EUR 50 billiún de dhíorthaigh thar an gcuntar nach bhfuil imréitithe go lárnach;
- (b) luach iomlán ionstraimí airgeadais lena ndéantar frithghealladh nó ionstraimí airgeadais a chur ar bhonn gealltanais daingean EUR 5 bhilliún;
- (c) méid iomláin chreidmheasanna nó iasachtaí a thugtar d'infheisteoirí le gur féidir leo idirbhearta EUR 5 bhilliún a chur i gcrích; agus
- (d) luach iomlán EUR 5 bhilliún d'urrúis fiachais gan íoc.

*Airteagal 2*

**Comhalta Imréitigh**

Measfar Gnólachtaí infheistíochta is comhaltaí imréitigh agus a thairgeann seirbhísí imréitigh d'eintitis eile na hearnála airgeadais, nach comhaltaí imréitigh iad féin, chun críocha an Airteagail 5(1)(b) de Threoir (AE) 2019/2034.

*Airteagal 3*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Lúnasa 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN



**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/2154 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 13 Lúnasa 2021**

**lena bhforlíontar Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear critéir iomchuí chun catagóirí foirne a shainaitheint a bhfuil tionchar ábhartha ag a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca gnólachta infheistíochta nó ar na sócmhainní a bhainistíonn sé**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 30(4), an tríú fomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Cé gur faoi réir Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> atá gnólachtaí infheistíochta a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup> agus Theidil VII agus VIII de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(4)</sup>, i gcomhréir le hAirteagal 1(2) agus (5) de Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(5)</sup>, ní mór do ghnólachtaí infheistíochta a thagann faoi raon feidhme Threoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ceanglais shonracha a chur i bhfeidhm maidir leis an luach saothair athraitheach le haghaidh na foirne go léir a bhfuil tionchar ábhartha ag a gcuid gníomhaíochtaí ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta nó ar na sócmhainní a bhainistíonn sé. Is gá critéir iomchuí a leagan síos chun na baill foirne sin a shainaitheint. Ba cheart a chur san áireamh sna critéir sin údarás agus freagrachtaí na mball foirne sin, próifíl riosca an ghnólachta infheistíochta agus na sócmhainní a bhainistíonn sé agus táscairí feidhmíochta, eagrú inmheánach an ghnólachta infheistíochta, agus cineál, raon feidhme agus castacht na gnólachta lena mbaineann. Ba cheart na critéir sin a chur ar chumas do ghnólachtaí infheistíochta freisin dreasachtaí cuí a leagan síos ina mbeartais luacha saothair chun a áirithiú go ngníomhóidh na baill foirne lena mbaineann go stuama agus a gcúraimí á ndéanamh acu. Ar deireadh, ba cheart na critéir sin leibhéal riosca na ngníomhaíochtaí éagsúla laistigh den ghnólacht infheistíochta a léiriú.
- (2) Is ar chomhaltaí den chomhlacht bainistíochta atá an fhreagracht deiridh as an ngnólacht infheistíochta, a straitéis agus a ghníomhaíochtaí, agus ba cheart, dá bhrí sin, a mheas i gcónaí go mbeadh tionchar ábhartha acu ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta. Tá feidhm aige sin maidir le comhaltaí an chomhlachta bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta, ar comhaltaí iad a dhéanann cinntí agus maidir le comhaltaí an chomhlachta bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta a dhéanann maoirseacht ar an bpróiseas cinnteoireachta agus a thugann dúshlán maidir le cinntí a dhéantar.

<sup>(1)</sup> IO L 314, 5.12.2019, lch. 64.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

<sup>(3)</sup> IO L 176, 27.6.2013, lch. 338.

<sup>(4)</sup> Treoir (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013/AE, (AE) Uimh. 600/2014, agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/923 ón gCoimisiún an 25 Márta 2021 lena bhforlíontar Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena leagtar amach na critéir chun freagracht bhainistíochta, feidhmeanna rialúcháin, aonaid ghnó ábhartha agus tionchar suntasach ar phróifíl riosca aonaid gnó ábhartha a shainiú, agus lena leagtar amach na critéir chun baill foirne nó catagóirí ball foirne a shainaitheint a mbíonn tionchar ag a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca na hinstitiúide atá chomh hábhartha céanna le baill foirne nó catagóirí ball foirne dá dtagraítear in Airteagal 9(3) den Treoir sin (IO L 203, 9.6.2021, lch. 1).

- (3) Tá roinnt baill foirne freagrach as tacaíocht inmheánach a sholáthar atá ríthábhachtach ó thaobh oibriú gníomhaíochtaí gnó gnólachta infheistíochta de. Chomh maith leis sin d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith ag a gcuid gníomhaíochtaí agus cinntí ar phróifíl riosca gnólachta infheistíochta agus ar phróifíl riosca a shócmhainní, toisc go bhféadfadh a gcuid gníomhaíochtaí agus cinntí an gnólachta infheistíochta a fhágáil neamhchosanta ar rioscaí ábhartha oibriúcháin agus rioscaí eile.
- (4) D'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith ag gníomhaíochtaí gairmiúla na mball foirne a bhfuil freagracht bainistíochta orthu ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta nó na sócmhainní a bhainistíonn sé toisc gur féidir leo cinntí straitéiseacha nó cinntí bunúsacha eile a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar ghníomhaíochtaí gnó an ghnólachta infheistíochta nó ar na feidhmeanna rialúcháin a chuirtear i bhfeidhm. Go hiondúil, áirítear sna feidhmeanna rialúcháin sin bainistíocht riosca, comhlíontacht agus iniúchóireacht inmheánach. Is iad na rioscaí a ghlacann na haonaid ghnó agus an dóigh a ndéantar na haonaid ghnó sin a bhainistiú na fachtóirí is tábhachtaí i leith próifíl riosca gnólachta infheistíochta nó na sócmhainní a bhainistíonn sé. Cruthaíonn gníomhaíochtaí gnó áirithe rioscaí níos airde ná rioscaí eile agus dá bhrí sin ba cheart cineál na ngníomhaíochtaí gnó a chur san áireamh.
- (5) Ba cheart a áirithiú le critéir cháilíochtúla iomchuí go sainnithneofar baill foirne mar bhaill foirne a mbíonn tionchar ábhartha acu i gcás ina mbeidh siad freagrach as grúpaí foirne a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith ag gníomhaíochtaí na ngrúpaí sin ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta nó na sócmhainní a bhainistíonn sé. Áirítear leis sin cásanna nach mbíonn tionchar ábhartha aonair ag gníomhaíochtaí na mball foirne aonair atá faoina mbainistíocht ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta ach go bhféadfadh tionchar den sórt sin a bheith ag scála foriomlán a gcuid gníomhaíochtaí.
- (6) De ghnáth, bíonn luach saothair iomlán na mball foirne ag brath ar an gcion den obair a dhéanann na baill foirne chun cuspóirí gnó an ghnólachta infheistíochta a bhaint amach go rathúil. Dá bhrí sin, tá an luach saothair sin ag brath ar fhreagrachtaí, dualgais, cumas agus scileanna na mball foirne, agus ar fheidhmíocht na mball foirne agus an ghnólachta infheistíochta. I gcás ina ndámhfar luach saothair iomlán do bhall foirne ar mó é ná tairseach áirithe, tá sé réasúnta glacadh leis go mbaineann an luach saothair sin leis an gcion den obair a rinne an ball foirne ar mhaithe le cuspóirí gnó an ghnólachta infheistíochta agus, dá bhrí sin, go mbaineann an luach saothair leis an tionchar a bheidh ag gníomhaíochtaí gairmiúla an bhaill foirne ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta agus na sócmhainní a bhainistíonn sé. Dá bhrí sin, is iomchuí úsáid a bhaint as critéir chainníochtúla a bhaineann le luach saothair iomlán baill foirne, i ndearbhtéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta, le baill foirne eile laistigh den ghnólachta infheistíochta céanna, chun a chinneadh an bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith ag gníomhaíochtaí gairmiúla an bhaill foirne sin ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta agus na sócmhainní a bhainistíonn sé.
- (7) Ba cheart tairseacha soiléire iomchuí a leagan síos chun baill foirne a shainnithint a mbíonn tionchar ábhartha ag a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta agus na sócmhainní a bhainistíonn sé. Ba cheart coinne a bheith leis na gnólachtaí infheistíochta na critéir chainníochtúla a chur i bhfeidhm go tráthúil. Ba cheart na critéir chainníochtúla a úsáid le haghaidh na bhforbairtí maidir le luach saothair a leanúint chun bheith réadúil. An chéad mhodh chun na forbairtí sin a leanúint is ea na critéir chainníochtúla a bhunú ar an luach saothair iomlán arna dhámhachtain sa bhliain feidhmíochta roimhe sin, lena n-áirítear an luach saothair seasta arna íoc don bhliain feidhmíochta sin, agus an luach saothair athraitheach arna dhámhachtain sa bhliain feidhmíochta sin. An dara modh chun na forbairtí sin a leanúint is ea na critéir chainníochtúla a bhunú ar an luach saothair iomlán arna dhámhachtain don bhliain feidhmíochta roimhe sin, lena n-áirítear an luach saothair seasta arna íoc le haghaidh na bliana feidhmíochta sin agus an luach saothair athraitheach arna dhámhachtain sa bhliain feidhmíochta reatha don bhliain airgeadais roimhe sin. Leis an dara modh, is féidir an próiseas sainnithneantais a ailíniú níos fearr leis an luach saothair iarbhír a dhámhtar le haghaidh tréimhse feidhmíochta, ach ní féidir é a chur i bhfeidhm ach amháin nuair is féidir ríomh a dhéanamh go tráthúil chun na critéir chainníochtúla a chur i bhfeidhm. I gcás nach féidir an ríomh tráthúil sin a dhéanamh a thuilleadh, ba cheart an chéad mhodh a úsáid. Faoi cheachtar den dá mhodh sin, is féidir méideanna arna ndámhachtain ar bhonn tréimhsí feidhmíochta is faide ná bliain amháin a chur san áireamh sa luach saothair athraitheach, ag brath ar na critéir feidhmíochta a úsáideann an gnólachta infheistíochta.
- (8) Ba cheart tairseach chainníochtúil EUR 500 000 a leagan síos chun baill foirne a shainnithint, baill foirne a mbíonn tionchar ábhartha ag a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta nó na sócmhainní a bhainistíonn sé. Maidir le luach saothair os cionn na tairisí cainníochtúla sin nó atá ar cheann de na luacha saothair is airde laistigh den ghnólachta infheistíochta, glactar leis go láidir, dá bhrí sin, go bhfuil tionchar ábhartha ag gníomhaíochtaí na mball foirne a fhaigheann luach saothair den sórt sin ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta agus na sócmhainní a bhainistíonn sé, agus sa chás sin ba cheart tuilleadh grinnscrúdú maoirseachta a chur i bhfeidhm chun a shuí an bhfuil tionchar ábhartha ag gníomhaíochtaí gairmiúla na mball foirne sin ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta agus na sócmhainní a bhainistíonn sé.

- (9) Mar sin féin, níor cheart go mbeadh feidhm ag toimhdí den sórt sin atá bunaithe ar chritéir chainníochtúla i gcás ina suíonn gnólachtaí infheistíochta ar bhonn critéir oibiachtúla breise nach bhfuil tionchar ábhartha ag na baill foirne sin ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta nó ar na sócmhainní bhainistíonn sé, agus na rioscaí go léir ar a bhfuil an gnólacht infheistíochta neamhchosanta nó ar a bhféadfadh sé a bheith neamhchosanta á gcur san áireamh. Chun cur i bhfeidhm éifeachtach agus comhsheasmhach na gcritéir oibiachtúil sin a áirithiú, ba cheart d'údaráis inniúla eisiaimh na mball foirne is airde ioncam a shainaithnítear a fhorhmeas nó eisiaimh na baill foirne sin ar ar dámhadh luach saothar EUR 750 000 a fhorhmeas. I gcás baill foirne ar a ndámhtar níos mó ná EUR 1 000 000 (lucht ardioncaim), ba cheart do na húdaráis inniúla an tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) a chur ar an eolas fúthu sula bhformheasfar eisiaimh, ionas gur féidir le ÚBE cur i bhfeidhm comhsheasmhach na gcritéir sin a áirithiú.
- (10) Toisc iad a bheith sa réim chéanna luacha saothair leis an mbainistíocht shinsearach nó leis na glacadóirí riosca, d'fhéadfadh sé a bheith ina tháscaire freisin go mbíonn tionchar ábhartha ag gníomhaíochtaí gairmiúla an bhaill foirne ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta nó na sócmhainní a bhainistíonn sé. Chuige sin, níor cheart an luach saothair a íoctar leis an bhfoireann i bhfeidhmeanna rialúcháin, le feidhmeanna tacaíochta ná le comhaltaí an chomhlachta bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta a chur san áireamh. Agus an critéir cainníochtúil sin á chur i bhfeidhm, ba cheart a chur san áireamh freisin go bhfuil difríochtaí idir na leibhéil íocaíochta i ndlíní éagsúla. I dtaca le baill foirne a thiteann faoin réim luacha saothar, ach nach gcomhlíonann siad aon cheann de na critéir cháilíochtúla nó chainníochtúla eile, ba cheart an deis a bheith ag gnólachtaí a léiriú nach bhfuil tionchar ábhartha acu ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta ná ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta ná na sócmhainní a bhainistíonn sé, agus na rioscaí go léir ar a bhfuil an gnólacht infheistíochta neamhchosanta nó ar a bhféadfadh sé a bheith neamhchosanta á gcur san áireamh.
- (11) Ionas go mbeidh údaráis inniúla agus iniúcháirí in ann athbhreithniú a dhéanamh ar na measúnuithe arna ndéanamh ag gnólachtaí infheistíochta chun na baill foirne a shainaithint a mbíonn tionchar ábhartha ag a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla ar a bpróifíl riosca nó na sócmhainní a bhainistíonn sé, tá sé ríthábhachtach go gcoinneoidh institiúidí taifid ar na measúnuithe a rinneadh agus ar thorthaí na measúnuithe sin, lena n-áirítear taifid ar bhaill foirne a sainaithníodh de réir critéir atá bunaithe ar a luach saothair iomlán ach a meastar nach mbeidh tionchar ábhartha ag a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla ar phróifíl riosca na hinstiúide ná na sócmhainní a bhainistíonn sé.
- (12) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag ÚBE tar éis dó dul i gcomhairle leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí.
- (13) Rinne ÚBE comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe agus rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí ionchasacha agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(6)</sup>,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

#### Sainmhíniú

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhíniú seo a leanas:

- (1) Ciallaíonn “freagracht bhainistíochta” freagracht sa chás go mbíonn ball foirne i gceannas ar aonad gnó nó feidhm rialúcháin agus atá cuntasach go díreach don chomhlacht bainistíochta nó do chomhalta an chomhlachta bainistíochta ina iomláine nó don lucht bainistíochta sinsearaí;
- (2) ciallaíonn “feidhm rialúcháin” feidhm atá neamhspleách ar an aonad gnó a rialaíonn sí agus atá freagrach as measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar rioscaí na hinstiúide, nó athbhreithniú nó tuairisciú a dhéanamh orthu sin, lena n-áirítear ach an fheidhm bainistíochta riosca, an fheidhm chomhlíontachta agus an fheidhm iniúcháireachta inmheánaí, le cois feidhmeanna eile.
- (3) ciallaíonn “aonad gnó” aonad gnó mar a shainmhínítear é in Airteagal 142(1), pointe (3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

<sup>(6)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

*Airteagal 2***Na critéir a chur i bhfeidhm**

1. I gcás ina gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm ar bhonn aonair i gcomhréir le hAirteagal 25 de Threoir (AE) 2019/2034, déanfar comhlíontacht na gcritéir a leagtar amach in Airteagail 3 go 4 den Rialachán seo a mheasúnú de réir phróifíl riosca aonair na an ghnólachta infheistíochta.
2. I gcás ina gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm ar bhonn aonair i gcomhréir le hAirteagal 25 de Threoir (AE) 2019/2034, déanfar comhlíontacht na gcritéir a leagtar amach in Airteagail 3 go 4 den Rialachán seo a mheasúnú de réir phróifíl riosca chomhdhlúite an ghnólachta infheistíochta.
3. I gcás ina gcuirfear Airteagal 4(1), pointe (a), i bhfeidhm ar bhonn aonair, cuirfear an luach saothair a dhámhfaidh an gnólacht infheistíochta san áireamh.
4. I gcás ina gcuirfear Airteagal 4(1), pointe (a), i bhfeidhm ar bhonn comhdhlúite, measfaidh an gnólacht infheistíochta chomhdhlúthúcháin an luach saothair arna dhámhachtain ag aon eintiteas a thagann faoi raon feidhme an chomhdhlúthúcháin.
5. Is ar bhonn aonair amháin a bheidh feidhm ag d'Airteagal 4(1), pointe (b).
6. Is ar bhonn aonair amháin a bheidh feidhm ag d'Airteagal 4(1), pointe (c).

*Airteagal 3***Critéir cháilíochtúla**

Measfar go mbeidh tionchar ábhartha ag baill foirne ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta nó na sócmhainní a bhainistíonn sé i gcás ina gcomhlíonfar ceann amháin nó níos mó de na critéir cháilíochtúla seo a leanas:

- (a) is comhalta den chomhlacht bainistíochta ina fheidhm bhainistíochta é an ball foirne;
- (b) is comhalta den chomhlacht bainistíochta ina fheidhm mhaoirseachta é an ball foirne;
- (c) is comhalta den bhainistíocht shinsearach é an ball foirne;
- (d) baill foirne i ngnólachtaí infheistíochta a bhfuil clár comhardaithe iomlán acu cothrom le EUR 100 milliún nó níos mó, sin baill foirne ar a bhfuil freagracht bainistíochta as aonaid ghnó atá ag soláthar ar a laghad ceann de na seirbhísí ar ina leith atá údarú riachtanach a liostaítear faoi phointí (2) go (7) d'Iarscríbhinn I, Roinn A, a ghabhann le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(7)</sup>;
- (e) tá freagrachtaí bainistíochta ar an mball foirne as gníomhaíochtaí feidhme rialúcháin;
- (f) tá freagrachtaí bainistíochta ar an mball foirne as sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc;
- (g) tá an ball foirne freagrach as bainistiú a dhéanamh ar riosca ábhartha mar a thagraítear in Airteagal 28(3) de Threoir (AE) 2019/2034 laistigh den ghnólacht infheistíochta nó is ball vótála é de choiste atá freagrach as riosca ábhartha a bhainistiú ar a bhfuil an gnólacht infheistíochta neamhchosanta;
- (h) i ngnólacht infheistíochta atá údaraithe chun ceann amháin ar a laghad de na seirbhísí a liostaítear faoi phointí (2) go (7) d'Iarscríbhinn I, Roinn A a ghabhann le Treoir 2014/65/EU a sholáthar, tá an ball foirne freagrach as ceann amháin de na gníomhaíochtaí seo a leanas a bhainistiú:
  - (i) anailís eacnamaíoch;
  - (ii) teicneolaíocht na faisnéise
  - (iii) slándáil faisnéise
  - (iv) eisfhoinsiú socruithe feidhmeanna criticiúla nó tábhachtacha mar a thagraítear in Airteagal 30(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún <sup>(8)</sup>.

<sup>(7)</sup> Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáil in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).

<sup>(8)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/565 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2016 lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais eagraíochtúla agus coinníollacha oibriúcháin le haghaidh gnólachtaí infheistíochta agus téarmaí sainmhínithe chun críocha na Treorach sin (IO L 87, 31.3.2017, lch. 1).

- (i) comhlíonann an ball foirne ceachtar de na critéir seo a leanas maidir le cinntí i ndáil le tabhairt isteach táirgí nua a fhorfhéas nó a chrosadh:
  - (i) tá údarás ag an mball foirne cinntí den sórt sin a dhéanamh;
  - (ii) tá vóta ag an mball foirne i gcoiste ag a bhfuil an t-údarás chun cinntí den sórt sin a dhéanamh;

#### Airteagal 4

### Critéir chainníochtúla

1. Faoi réir mhíreanna 2 go 5, measfar go mbeidh tionchar ábhartha ag ball foirne ar phróifíl riosca gnólachta infheistíochta nó na sócmhainní a bhainistíonn sé i gcás ina gcomhlíonfar aon cheann de na critéir chainníochtúla seo a leanas:

- (a) dámhadh luach saothair iomlán ar an mball foirne atá cothrom le EUR 500 000 nó níos mó ná sin sa bhliain airgeadais roimhe sin nó don bhliain airgeadais roimhe sin;
- (b) i gcás ina mbeidh os cionn 1 000 ball foirne ag an ngnólacht infheistíochta, tá an ball foirne laistigh de 0,3 % den fhoireann, slánaithe go dtí an chéad fhigiúr slánuimhriúil, ar ar dámhadh laistigh den ghnólacht infheistíochta an luach saothair iomlán is airde sa bhliain airgeadais roimhe sin nó don bhliain airgeadais roimhe sin.
- (c) sa bhliain airgeadais roimhe sin dámhadh ar an mball foirne luach saothair iomlán atá cothrom leis an luach saothair iomlán is ísle a dámhadh sa bhliain airgeadais sin, nó níos mó ná an méid sin, ar bhall foirne a chomhlíonann ceann amháin nó níos mó de na critéir a leagtar amach in Airteagal 3, pointí (a), (c), (d), (h) nó (i).

2. Ní bheidh feidhm ag na critéir a leagtar síos i mír 1 i gcás ina gcinneadh an gnólacht infheistíochta nach bhfuil aon tionchar ábhartha ag an mball foirne, ná ag an gcatagóir foirne lena mbaineann an ball foirne, ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta ná na sócmhainní a bhainistíonn sé.

3. Déanfar coinníoll mhír 2 den Airteagal seo a mheasúnú ar bhonn critéir oibiachtúla lena gcuirfear san áireamh na táscairí riosca agus feidhmíochta ábhartha uile arna n-úsáid ag an ngnólacht infheistíochta chun rioscaí a shainaithint, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu i gcomhréir le hAirteagal 28 de Threoir (AE) 2019/2034 agus ar bhonn dhualgais agus údarais an bhaill foirne nó na gcatagóirí foirne agus a dtionchar ar phróifíl riosca an ghnólachta infheistíochta nó na sócmhainní a bhainistíonn sé, i gcomparáid leis an tionchar atá ag gníomhaíochtaí gairmiúla na mball foirne a shainaithnítear i gcomhréir le hAirteagal 3 den Rialachán seo.

4. I ndáil le mír 2 arna cur i bhfeidhm ag gnólacht infheistíochta, a bhaineann le ball foirne dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), nó ball foirne ar ar dámhadh luach saothair iomlán EUR 750 000 nó níos mó ná sin sa bhliain airgeadais roimhe sin nó don bhliain airgeadais roimhe sin, beidh cur i bhfeidhm mhír 2 faoi réir formheas roimh ré ón údarás inniúil atá freagrach as maoirseacht stuamachta an ghnólachta infheistíochta sin.

Ní dhéanfaidh an t-údarás inniúil a fhorfhéas roimh ré ach amháin i gcás inar féidir leis an ngnólacht infheistíochta a léiriú go bhfuil an coinníoll a leagtar amach i mír 2 comhlíonta, ag féachaint do na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i mír 3.

5. Más rud é gur dámhadh luach saothair iomlán EUR 1 000 000 nó níos mó ar an mball foirne sa bhliain airgeadais roimhe sin nó don bhliain airgeadais roimhe sin, ní thabharfaidh an t-údarás inniúil réamh-fhorfhéas roimh ré faoi mhír 4 ach amháin i gcúinsí eisceachtúla. Cuirfidh an t-údarás inniúil ÚBE ar an eolas sula dtabharfaidh sé formheas i ndáil le ball foirne den sórt sin chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach na míre seo a áirithiú.

Má bhíonn imthosca eisceachtúla ann cuirfidh an ngnólacht infheistíochta sin in iúl agus déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú air. Is é a bheidh sna cúinsí eisceachtúla sin cásanna atá neamhghnách, an-annamh nó éagsúil le gnáthchásanna go mór. Beidh baint ag na cúinsí eisceachtúla leis an mball foirne.

*Airteagal 5***An luach saothair iomlán a dámhadh a ríomh**

1. Déanfar méideanna uile an luacha saothair inathraithe agus sheasta a ríomh i bhfoirm chomhlán agus ar bhonn coibhéiseach lánaimseartha.
2. Leagfar amach i mbeartais luacha saothair na ngnólachtaí infheistíochta an bliain tagartha le haghaidh an luacha saothair inathraithe a chuirfidh siad san áireamh agus an luach saothair iomlán á ríomh. Is éard a bheidh sa bhliain tagartha sin an bhliain roimh an mbliain airgeadais inar dámhadh an luach saothair inathraithe nó an bhliain roimh an mbliain airgeadais inar dámhadh an luach saothair inathraithe.

*Airteagal 6***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an cúigiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Lúnasa 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/2155 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 13 Lúnasa 2021**

**lena bhforlíontar Treoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na haicmí ionstraimí a léiríonn go hiomchuí cáilíocht chreidmheasa an ghnólachta infheistíochta mar ghnóthas leantach agus socruithe malartacha féideartha is iomchuí a úsáid chun críoch luacha saothair inathraithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2019/2034 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le maoirseacht stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoracha 2002/87/CE, 2009/65/CE, 2011/61/AE, 2013/36/AE, 2014/59/AE agus 2014/65/AE <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 32(8), an tríú fómhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le luach saothair inathraitheach arna dhámhachtain in ionstraimí, ba cheart bainistiú riosca fóna éifeachtach a chur chun cinn agus níor cheart glacadh riosca a spreagadh a sháraíonn leibhéal fonn riosca an ghnólachta infheistíochta. Dá bhrí sin, leis na haicmí ionstraimí is féidir a úsáid chun críoch luacha saothair inathraithe, ba cheart leasanna na foirne a ailíniú le leasanna fadtéarmacha an ghnólachta infheistíochta, leasanna a scairshealbhóirí, a chreidiúnaithe, a chliant agus geallsealbhóirí eile trí dhreasachtaí a chur ar fáil don fhoireann gníomhú ar mhaithe le leas an ghnólachta infheistíochta san fhadtéarma.
- (2) D'fhonn a áirithiú go mbeidh nasc láidir ann le cáilíocht chreidmheasa gnólachta infheistíochta mar ghnóthas leantach, ba cheart teagmhais truceartha iomchuí a bheith in ionstraimí a úsáidtear chun críoch luacha saothair inathraithe i gcomhair díluachála nó comhshó i gcásanna ina dtiocfaidh meath ar cháilíocht chreidmheasa an ghnólachta infheistíochta mar ghnóthas leantach. Leis na teagmhais truceartha a úsáidtear chun críoch luacha saothair, níor cheart leibhéal fho-ordú na n-ionstraimí a athrú agus níor cheart, dá bhrí sin, dícháiliú ionstraimí Breise Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 mar ionstraimí cistí dílse a bheith mar thoradh ar an leibhéal fo-ordaithe sin.
- (3) Cé go sonraítear na coinníollacha is infheidhme maidir le hionstraimí Breise Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 in Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(2)</sup> i gcomhar le Cuid a Dó, Teideal 1, Caibidil 3 agus Caibidil 4, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(3)</sup>, maidir leis na hionstraimí Eile dá dtagraítear in Airteagal 32(1), pointe (j)(iii), de Threoir (AE) 2019/2034 ("Ionstraimí Eile") is féidir a chomhshó ina n-iomláine go hionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 nó iad a dhíluacháil, níl na hionstraimí sin faoi réir coinníollacha sonracha de bhun na Rialachán sin ós rud é nach n-aicmítear iad mar ionstraimí dílse chun críoch stuamachta. Dá bhrí sin, ba cheart ceanglais shonracha a shocrú maidir le haicmí ionstraimí éagsúla chun a áirithiú gurb iomchuí iad a úsáid chun críoch luacha saothair inathraithe, agus cineál éagsúil na n-ionstraimí á gcur san áireamh. Níor cheart go gcuirfeadh úsáid ionstraimí chun críoch luacha saothair ann féin cosc ar ionstraimí a cháiliú mar chistí dílse gnólachta infheistíochta fad agus a chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/2033. Ná níor cheart go dtuigfí ach oiread go dtugann an úsáid sin ann féin dreasacht chun an ionstraim a fhuascailt, toisc gur féidir le baill foirne, i gcoitinne, cistí leachtacha a fháil ar bhealaí eile seachas fuascailt tar éis tréimhsí iarchuir agus coinneála.

<sup>(1)</sup> IO L 314, 5.12.2019, lch. 64.

<sup>(2)</sup> Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 806/2014 (IO L 314, 5.12.2019, lch. 1).

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1).

- (4) Níl Ionstraimí Eile teoranta do na hionstraimí airgeadais a shonraítear i Roinn C d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (\*). Chun an t-ualach riaracháin a bhaineann le cruthú na n-ionstraimí sin a laghdú, ba cheart go gceadófaí leis na hionstraimí sin freisin úsáid socruithe conarthacha eile idir baill foirne agus gnólachtaí infheistíochta. Chun a áirithiú go léireofar leis na hionstraimí Eile sin cáilíocht chreidmheasa gnólachta infheistíochta mar ghnóthas leantach, ba cheart a áirithiú leis na ceanglais iomchuí go ndíluachálfar na hionstraimí sin nó go gcomhshófar iad sula mainneoidh gnólacht infheistíochta a cheanglais cistí dílse a chomhlíonadh.
- (5) I gcás ina ndéantar ionstraimí a úsáidtear chun críoch luacha saothair inathraitheach a ghlaoch, a fhuascailt, a athcheannach nó a chomhshó, go ginearálta, níor cheart go méadódh na hidirbhearta sin luach an luacha saothair a dhámhfar trí mhéideanna atá níos airde ná luach na hionstraimí a íoc amach ná trína gcomhshó ina n-ionstraimí a bhfuil luach níos airde acu ná an ionstraim a dhámhfar ar dtús. Le hathsholáthar ionstraimí ar an luach céanna ba cheart a áirithiú nach n-íoctar luach saothair trí mheáin ná trí mhodhanna lena n-éascaítear neamhchomhlíonadh Threoir (AE) 2019/2034 nó Rialachán (AE) 2019/2033.
- (6) I gcás ina ndéantar luach saothair inathraitheach a dhámhachtain agus i gcás ina ndéantar ionstraimí a úsáidtear i gcomhair luach saothair inathraitheach a fhuascailt, a ghlaoch, a athcheannach nó a chomhshó, ba cheart na hidirbhearta sin a bheith bunaithe ar luachanna a bunaíodh i gcomhréir leis an gcaighdeán cuntasaióchta is infheidhme tráth an idirbhirt, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go ndámhfar méid ceart an luacha saothair inathraitheach agus nach n-athrófar go míchuí é i gcás ina ndéantar an ionstraim a fhuascailt, a ghlaoch, a athcheannach nó a chomhshó.
- (7) Le hAirteagal 54 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 leagtar amach na sásraí díluachála agus comhshó maidir le hionstraimí Breise Leibhéal 1. Ina theannta sin, ceanglaítear le hAirteagal 32(1), pointe (j)(iii), de Threoir (AE) 2019/2034 gur féidir Ionstraimí Eile a chomhshó go hiomlán ina n-ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 nó iad a dhíluacháil. Ós rud é gurb ionann an toradh eacnamaíoch ar chomhshó nó ar dhíluacháil Ionstraimí Eile agus an toradh eacnamaíoch ar ionstraimí Breise Leibhéal 1, ba cheart a chur san áireamh sna sásraí díluachála nó comhshó maidir le hionstraimí Eile na sásraí a bhfuil feidhm acu maidir le hionstraimí Breise Leibhéal 1, le hoiriúnuithe chun a chur san áireamh nach gcáilíonn Ionstraimí Eile mar ionstraimí cistí dílse ó thaobh na stuamachta de. Níl ionstraimí Leibhéal 2 faoi réir ceanglais rialála maidir le díluacháil agus comhshó faoi Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Ba cheart na cásanna ina bhfuil gá le díluacháil nó comhshó na hionstraimí a shonrú chun a áirithiú go laghdófar luach na n-ionstraimí sin uile, nuair a úsáidtear é i gcomhair luach saothair inathraitheach, i gcás ina dtagann meath ar cháilíocht chreidmheasa an gnólachta infheistíochta. Na sásraí díluachála, uasluchála agus comhshó maidir le Leibhéal 2 agus Ionstraimí Eile, ba cheart iad a shonrú chun cur i bhfeidhm comhsheasmhach a áirithiú.
- (8) Féadfaidh foirmeacha éagsúla a bheith i gceist le dáileacháin a eascraíonn as ionstraimí. Féadfaidh siad a bheith inathraitheach nó seasta agus féadfar iad a íoc go tréimhsiúil nó tráth aibíochta deiridh ionstraimí. Chun bainistiú riosca fóna éifeachtach a chur chun cinn, níor cheart aon dáileachán a íoc leis an bhfoireann le linn tréimhsí iarchurtha. Níor cheart do bhaill foirne na dáileacháin a fháil ach amháin i leith tréimhsí a leanann dílsiú na hionstraimí, agus ina dhiaidh sin is é an ball foirne a bheidh ina úinéir dlíthiúil uirthi. Dá bhrí sin, is iad ionstraimí a bhfuil dáileacháin ag gabháil leo a íoctar go tréimhsiúil le húnéir na hionstraimí, agus na hionstraimí sin amháin, is iomchuí lena n-úsáid mar luach saothair inathraitheach. Bannaí cúpóin nialasaigh nó ionstraimí a choinníonn tuilleamh, níor cheart iad a bheith ina gcuid de luach saothair agus ní mór aon cheann de na hionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 32(1), pointe (j), de Threoir (AE) 2019/2034 a bheith ann. Is amhlaidh atá toisc go mbainfeadh an fhoireann tairbhe as luachanna méadaithe le linn na tréimhse iarchurtha agus féadfar é sin a thuiscint mar rud atá coibhéiseach le dáileacháin a fháil.
- (9) Féadfaidh dáileacháin an-ard an dreasacht fhadéarmach maidir le glacadh riosca stuama a laghdú toisc go gcuireann siad go héifeachtach leis an gcuid inathraitheach den luach saothair. Thar aon ní eile, níor cheart dáileacháin a íoc amach ag eatraimh is faide ná 1 bhliain amháin, ós rud é go bhféadfadh sé sin go gcarnfadh na dáileacháin le linn tréimhsí iarchurtha agus go n-íocfaí amach iad nuair a dhílseodh an luach saothair inathraitheach. Le carnadh dáileacháin, sárófar an prionsabal a leagtar síos in Airteagal 32(3) de Threoir (AE) 2019/2034 nach ndílseodh luach saothair is iníochta faoi shocruithe iarchurtha níos tapúla ná ar bhonn *pro rata*. Ceanglaítear le hAirteagal 32(2), pointe (b), de Threoir (AE) 2019/2034 nach n-íocfar luach saothair inathraitheach trí mheáin airgeadais ná modhanna lena n-éascófar neamhchomhlíonadh na Treorach sin nó Rialachán (AE) 2019/2033. Dá bhrí sin, dáileacháin a dhéanfar tar éis dhílsiú na hionstraimí, níor cheart go sáróidís rátaí an mhargaidh i gcás na n-ionstraimí sin arna n-eisiúint ag gnólachtaí infheistíochta eile nó ag institiúidí a bhfuil cáilíocht chreidmheasa inchomparáide acu. Ba cheart an méid sin a áirithiú trína chur de cheangal ar ionstraimí a úsáidtear i gcomhair luach saothair inathraitheach, nó ar na hionstraimí a bhfuil nasc acu leo, go n-eiseofar go príomha d'infheisteoirí eile iad, nó trína chur de cheangal ar na hionstraimí sin a bheith faoi réir uasteorainn ar dháileacháin.

(\*) Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le margáil in ionstraimí airgeadais agus lena leasaítear Treoir 2002/92/CE agus Treoir 2011/61/AE (IO L 173, 12.6.2014, lch. 349).



- (10) Ceanglais iarchurtha agus coinneála is infheidhme maidir le dámhachtainí luacha saothair inathraitheach de bhun Airteagal 32(1), pointe (l), agus Airteagal 32(3) de Threoir (AE) 2019/2034, ní mór na ceanglais sin a chomhlíonadh gach tráth ábhartha, lena n-áirítear i gcás ina ndéantar ionstraimí a úsáidtear i gcomhair luach saothair inathraitheach a ghlaoch, a fhuascailt, a athcheannach nó a chomhshó. Sna cásanna sin, ba cheart ionstraimí Breise Leibhéal 1, Leibhéal 2 agus Ionstraimí Eile a chur in ionad ionstraimí, arb ionstraimí iad lena léirítear cáilíocht chreidmheasa an ghnólachta infheistíochta mar ghnóthas leantach, a bhfuil gnéithe acu atá coibhéiseach le gnéithe na hionstraimí a dámhadh ar dtús, agus a bhfuil an luach céanna orthu, agus aon mhéid a bhfuil dlíuacháil déanta air á chur san áireamh. I gcás ina bhfuil dáta aibíochta seasta ag ionstraimí nach ionstraimí Breise Leibhéal 1 iad, ba cheart íoscheanglais a shocrú maidir le haibíocht iarmhair na n-ionstraimí sin tráth a dhámhfar iad chun a áirithiú go bhfuil siad comhsheasmhach leis na ceanglais maidir leis na tréimhsí iarchurtha agus coinneála i gcomhair luach saothair inathraitheach.
- (11) Le Treoir (AE) 2019/2034, ní dhéantar na haicmí ionstraimí is féidir a úsáid i gcomhair luach saothair inathraitheach a theorannú d'aicme shonrach ionstraimí airgeadais. Dá bhrí sin, ba cheart go bhféadfaí úsáid a bhaint as ionstraimí sintéiseacha nó conarthaí idir baill foirne agus gnólachtaí infheistíochta atá nasctha le hionstraimí Breise Leibhéal 1 agus le hionstraimí Leibhéal 2 is féidir a chomhshó ina n-iomláine nó a dhíluacháil. Fágann sin gur féidir coinníollacha sonracha a thabhairt isteach sna téarmaí maidir leis na hionstraimí sin, téarmaí nach bhfuil feidhm acu ach amháin maidir le hionstraimí arna ndámhachtain don fhoireann, gan gá na coinníollacha sin a fhorchur ar infheisteoirí eile.
- (12) I gcomhthéacs grúpa, féadfar eisiúintí a bhainistiú go lárnach laistigh de mháthairghnóthas, lena n-áirítear cásanna ina bhfuil an máthairghnóthas faoi réir Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(7)</sup> nó Threoir (AE) 2019/2034. Maidir le gnólachtaí infheistíochta laistigh de ghrúpa, d'fhéadfadh sé nach n-eiseoidís i gcónaí ionstraimí atá iomchuí lena n-úsáid chun críche luacha saothair inathraitheach. Le Rialachán (AE) 2019/2033 i gcomhar le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cuirtear ar chumas ionstraimí Breise Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 arna n-eisiúint trí eintiteas atá laistigh de raon feidhme an chomhdhlúthaithe, a bheith ina gcuid de chistí dílse gnólachta infheistíochta, faoi réir coinníollacha áirithe. Dá bhrí sin, ba cheart an fhéidearthacht a bheith ann úsáid a bhaint as na hionstraimí sin chun críche luacha saothair inathraitheach, ar choinníoll go bhfuil nasc soiléir idir cáilíocht chreidmheasa an ghnólachta infheistíochta a úsáideann na hionstraimí sin chun críche luacha saothair inathraitheach agus cáilíocht chreidmheasa eisitheoir na hionstraimí. De ghnáth, is féidir glacadh leis gur ann don nasc sin idir máthairghnóthas agus fochuideachta. Ionstraimí seachas ionstraimí Breise Leibhéal 1 agus ionstraimí Leibhéal 2, arb ionstraimí iad nach bhfuil eisithe go díreach ag gnólacht infheistíochta, ba cheart go bhféadfaí iad a úsáid freisin i gcomhair luach saothair inathraitheach, faoi réir coinníollacha coibhéiseacha. Ionstraimí atá nasctha le hionstraimí tagartha arna n-eisiúint ag máthairghnóthais i dtríú tíortha agus atá coibhéiseach le hionstraimí Breise Leibhéal 1 nó ionstraimí Leibhéal 2, ba cheart iad a bheith incháilithe lena n-úsáid chun críoch luacha saothair inathraitheach i gcás ina dtagróidh an teagmhas trucearta don ghnólacht infheistíochta tríd an ionstraim shintéiseach sin a úsáid.
- (13) Le hAirteagal 32(1), pointe (k), de Threoir (AE) 2019/2034, cuirtear ar chumas gnólachtaí infheistíochta nach n-eisíonn aon cheann de na hionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 32(1), pointe (j), den Treoir sin, socruithe malartacha a úsáid, ar choinníoll go bhformheasfaidh an t-údarás inniúil an úsáid sin agus ar choinníoll go gcomhlíonfaidh na socruithe sin na cuspóirí céanna leis na hionstraimí dá dtagraítear in Airteagal 32(1), pointe (j), den Treoir sin. Chun na cuspóirí céanna a chomhlíonadh, ba cheart go n-áiríteofaí leis na socruithe malartacha sin go mbeadh an luach saothair inathraitheach arna dhámhachtain faoi réir coigeartuithe intuigthe riosca. Dá bhrí sin, ba cheart go dtiocfadh laghdú ar an luach atá ar na socruithe malartacha sin aon uair a bheadh éifeacht dhíobhálach ar fheidhmíocht an ghnólachta infheistíochta lena mbaineann nó na sócmhainní a bhainistíonn sé. Thairis sin, i gcás ina mbeidh an gnólacht infheistíochta faoi réir an cheanglais luach saothair inathraitheach a chur siar faoi Airteagal 32(1), pointe (l), de Threoir (AE) 2019/2034, ba cheart na socruithe malartacha a bheith comhsheasmhach freisin leis an gceanglas maidir le luach saothair inathraitheach a chur siar, agus le socruithe *malus* nó aisghlámtha agus le tréimhsí coinneála a chur i bhfeidhm maidir le luach saothair inathraitheach arna íoc in ionstraimí.
- (14) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincúireachta Eorpach faoi bhráid an Choimisiúin tar éis dó dul i gcomhairle leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margáí.
- (15) Rinne an tÚdarás Baincúireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincúireachta a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(8)</sup>,

<sup>(7)</sup> Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoriseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoracha 2006/48/CE agus 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338).

<sup>(8)</sup> Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoriseachta Eorpach (An tÚdarás Baincúireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

#### **Aicmí ionstraimí a léiríonn go leordhóthanach cáilíocht chreidmheasa gnólachta infheistíochta mar ghnóthas leantach agus atá iomchuí lena n-úsáid chun críoch luacha saothair inathraitheach**

1. Is iad seo a leanas na haicmí ionstraimí a chomhlíonfaidh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 32(1), pointe (j) (iii), de Threoir (AE) 2019/2034:
  - (a) aicmí d'ionstraimí Breise Leibhéal 1 i gcás ina gcomhlíonfaidh na haicmí sin na coinníollacha dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus in Airteagal 2, agus ina gcomhlíonfaidh siad Airteagal 5(9) agus Airteagal 5(13), pointe (c);
  - (b) aicmí d'ionstraimí Leibhéal 2 i gcás ina gcomhlíonfaidh na haicmí sin na coinníollacha dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus in Airteagal 3, agus ina gcomhlíonfaidh siad Airteagal 5;
  - (c) aicmí ionstraimí is féidir a chomhshó ina n-iomláine ina n-ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 nó a dhíluacháil agus nach ionstraimí Breise Leibhéal 1 ná ionstraimí Leibhéal 2 iad ("Ionstraimí Eile") sna cásanna dá dtagraítear in Airteagal 4 i gcás ina gcomhlíonfaidh na haicmí sin na coinníollacha dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo agus ina gcomhlíonfaidh siad Airteagal 5.
2. Na haicmí ionstraimí dá dtagraítear i mír 1, comhlíonfaidh siad na coinníollacha uile seo a leanas:
  - (a) ní bheidh ionstraimí urraithe ná ní bheidh siad faoi réir ráthaíocht lena gcuirtear le sinsearachtaí éileamh an tsealbhóra;
  - (b) i gcás ina gceadóidh na forálacha a rialaíonn ionstraim í a chomhshó, ní úsáidfear an ionstraim sin ach amháin chun críoch luacha saothair inathraitheach a dhámhachtain i gcás ina mbeidh an ráta comhshó nó an raon comhshó socraithe ar leibhéal lena n-áiríthítear maidir le luach na hionstraime a ndearnadh an ionstraim a dámhadh ar dtús a chomhshó ann, nach mbeidh an luach sin níos airde ná luach na hionstraime a dámhadh ar dtús tráth a dámhachtana mar luach saothair inathraitheach;
  - (c) leis na forálacha lena rialaítear ionstraimí in-chomhshóite a úsáidtear chun críche luacha saothair inathraitheach, agus chun na críche sin amháin, áiríteofar maidir le luach na hionstraime a ndearnadh an ionstraim a dámhadh ar dtús a chomhshó ann, nach mbeidh an luach sin, tráth an chomhshó sin, níos airde ná luach na hionstraime a dámhadh ar dtús;
  - (d) leis na forálacha lena rialaítear an ionstraim, forálfar go n-íocfar aon dáileachán ar bhonn bliantúil ar a laghad agus go n-íocfar iad le sealbhóir na hionstraime;
  - (e) déanfar ionstraimí a phraghsáil ag a luach tráth a dhámhfar an ionstraim, i gcomhréir leis an gcaighdeán cuntasáíochta is infheidhme;
  - (f) ceanglófar leis na forálacha lena rialaítear na hionstraimí a eisítear chun críche luacha saothair inathraitheach, agus chun na críche sin amháin, go ndéanfar luacháil i gcomhréir leis an gcaighdeán cuntasáíochta is infheidhme i gcás ina ndéantar an ionstraim a fhuascailt, a ghlaoch, a athcheannach nó a chomhshó.

Chun críocha phointe (e), beidh an luacháil faoi réir athbhreithniú neamhspleách.

### *Airteagal 2*

#### **Coinníollacha maidir le haicmí d'ionstraimí Breise Leibhéal 1**

Comhlíonfaidh aicmí d'ionstraimí Breise Leibhéal 1 na coinníollacha seo a leanas:

- (a) sna forálacha lena rialaítear an ionstraim, sonrúfar teagmhas truceartha chun críoch Airteagal 9(2), pointe (e)(iii), de Rialachán (AE) 2019/2033;
- (b) tarlóidh an teagmhas truceartha dá dtagraítear i bpointe (a) nuair a thitfidh cóimheas caipitil Ghnáthchothromas Leibhéal 1 an ghnólachta infheistíochta a eisíonn an ionstraim faoi bhun ceachtar díobh seo a leanas:
  - (i) 7 % de thoradh 12,5 iolraithe faoi na ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/2033;
  - (ii) leibhéal is airde ná an leibhéal a shonraítear i bpointe (i), i gcás ina gcinnfidh an gnólacht infheistíochta nó an institiúid a eisíonn an ionstraim agus é sonraithe sna forálacha lena rialaítear an ionstraim;

(c) comhlíontar ceann amháin de na ceanglais seo a leanas:

- (i) go n-eisítear na hionstraimí d'aon toisc chun go ndámhfar iad mar luach saothair inathraitheach agus go n-áiríteofar leis na forálacha lena rialaítear an ionstraim go n-íofar aon dáileachán ar ráta atá i gcomhréir le rátaí an mhargaidh d'ionstraimí dá samhail arna n-eisiúint ag an ngnólacht infheistíochta nó ag gnólachtaí infheistíochta nó ag institiúidí de cháilíocht chreidmheasa inchomparáide agus, i gcás ar bith, tráth a dhámhfar an luach saothair, nach airde é ná 8 bpointe céatadáin os cionn mheánráta bliantúil an athraithe don Aontas arna fhoilsiú ag an gCoimisiún (Eurostat) ina Innéacsanna Comhchuibhithe Praghsanna do Thomhaltóirí a fhoilsítear de bhun Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 2494/95 ón gComhairle <sup>(7)</sup>;
- (ii) an tráth a dhámhfar na hionstraimí mar luach saothair inathraitheach, go ndéantar 60 % ar a laghad de na hionstraimí atá á n-eisiúint a eisiúint seachas mar dhámhachtain luacha saothair inathraitheach agus nach bhfuil seilbh orthu ag aon cheann díobh seo a leanas ná ag aon ghnóthas a bhfuil dlúthnais aige le haon cheann díobh seo a leanas:

an gnólacht infheistíochta nó a fhochuideachtaí;

- máthairghnóthas an ghnólachta infheistíochta nó a fhochuideachtaí;
- máthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais an ghnólachta infheistíochta nó a fochuideachtaí;
- cuideachta sealbhaíochta gníomhaíochtaí measctha an ghnólachta infheistíochta nó a fochuideachtaí;
- cuideachta sealbhaíochta airgeadais measctha an ghnólachta infheistíochta agus a fochuideachtaí.

Chun críocha phointe (i), i gcás ina ndámhfar na hionstraimí do bhaill foirne a dhéanann an chuid is mó dá ngníomhaíochtaí gairmiúla lasmuigh den Aontas agus ina bhfuil ionstraimí ainmnithe in airgeadra arna eisiúint ag tríú tír, féadfaidh gnólachtaí infheistíochta innéacs de phraghsanna tomhaltóirí dá samhail arna ríomh go neamhspleách arna dtáirgeadh i leith an tríú tír sin a úsáid.

### Airteagal 3

#### Coinníollacha maidir le haicmí d'ionstraimí Leibhéal 2

Comhlíonfaidh aicmí d'ionstraimí Leibhéal 2 na coinníollacha seo a leanas:

- (a) tráth a dhámhfar na hionstraimí mar luach saothair inathraitheach, beidh an tréimhse a bheidh fágtha roimh aibíocht na n-ionstraimí cothrom le, nó níos mó ná, suim na dtréimhsí iarchurtha agus na dtréimhsí coinneála is infheidhme maidir le luach saothair inathraitheach i leith dhámhachtain na n-ionstraimí sin;
- (b) leis na forálacha lena rialaítear an ionstraim foráiltear, tráth a tharlóidh teagmhas truceartha, go ndéanfaí dfluacháil ar bhonn buan nó sealadach ar mhéid phríomhshuim na n-ionstraimí, nó go ndéanfaí na hionstraimí a chomhshó ina n-ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1;
- (c) tarlóidh an teagmhas truceartha dá dtagraítear i bpointe (b) i gcás ina dtitfidh cóimheas caipitil Ghnáthchothromas Leibhéal 1 an ghnólachta infheistíochta a eisíonn an ionstraim faoi bhun ceachtar díobh seo a leanas:
  - (i) 7 % de thoradh 12,5 iolraithe faoi na ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/2033;
  - (ii) leibhéal is airde ná an leibhéal a shonraítear i bpointe (i), i gcás ina gcinnfidh an gnólacht infheistíochta nó an institiúid a eisíonn an ionstraim agus é sonraithe sna forálacha lena rialaítear an ionstraim;
- (d) go gcomhlíonfar ceann de na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 2, pointe (c).

<sup>(7)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 2494/95 ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 1995 maidir le hinnéacsanna comhchuibhithe praghsanna do thomhaltóirí (IO L 257, 27.10.1995, lch. 1).

*Airteagal 4***Coinníollacha maidir le haicmí d'Ionstraimí Eile**

1. Faoi na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 1(1), pointe (c), den Rialachán seo, comhlíonfaidh Ionstraimí Eile na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 32(1), pointe (j)(iii), de Threoir (AE) 2019/2034 i ngach ceann de na cásanna seo a leanas:

- (a) go gcomhlíonfaidh na hIonstraimí Eile na coinníollacha a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo;
- (b) go bhfuil na hIonstraimí Eile nasctha le hionstraim Bhreise Leibhéal 1 nó le hionstraim Leibhéal 2 agus go gcomhlíonfaidh siad na coinníollacha a leagtar síos i mír 3 den Airteagal seo;
- (c) go bhfuil na hIonstraimí Eile nasctha le hionstraim a bheadh ina hionstraim Bhreise Leibhéal 1 nó ina hionstraim Leibhéal 2 murach í a bheith eisithe ag máthairghnóthas de chuid an ghnólachta infheistíochta atá lasmuigh de raon feidhme an chomhdhlúthaithe de bhun Chuid a hAon, Teideal II, Caibidil 2, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus go gcomhlíonfaidh na hIonstraimí Eile na coinníollacha a leagtar síos i mír 4.

2. Is iad seo a leanas na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, pointe (a):

- (a) go n-eiseofar na hIonstraimí Eile go díreach nó trí ghnólacht infheistíochta, institiúid nó institiúid airgeadais a áirítear sa raon feidhme comhdhlúthaithe de bhun Chuid a hAon, Teideal II, Caibidil 2, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/2033, ar choinníoll gur féidir a bheith ag súil go réasúnach tar éis athrú ar cháilíocht chreidmheasa an ghnólachta infheistíochta a bhaineann úsáid as na hIonstraimí Eile chun críche luacha saothair inathraitheach, go dtiocfadh athrú dá samhail ar cháilíocht chreidmheasa eisitheoir na hionstraimí;
- (b) nach dtugann na forálacha lena rialáitear na hIonstraimí Eile an ceart don sealbhóir íocaíocht sceidealta na ndáileachán nó na príomhshuime a luathú ach amháin i gcás dhócmhainneacht nó leachtú na hinstitiúide nó an ghnólachta infheistíochta a eisíonn an ionstraim sin;
- (c) tráth a dhámhfar na hIonstraimí Eile mar luach saothair inathraitheach, an tréimhse a bheidh fágtha roimh aibíocht na n-ionstraimí, beidh sí cothrom le, nó níos mó ná, suim na dtréimhsí iarchurtha agus na dtréimhsí coinneála is infheidhme maidir le dámhachtain na n-ionstraimí sin;
- (d) leis na forálacha lena rialáitear an ionstraim foráiltear, tráth a tharlóidh teagmhas truceartha, go ndéanfaí díluacháil ar bhonn buan nó sealadach ar mhéid phríomhshuim na n-ionstraimí, nó go ndéanfaí na hionstraimí a chomhshó ina n-ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1;
- (e) tarlóidh an teagmhas truceartha dá dtagraítear i bpointe (d) i gcás ina dtitfidh cóimheas caipitil Ghnáthchothromas Leibhéal 1 na hinstitiúide nó an ghnólachta infheistíochta a eisíonn an ionstraim faoi bhun ceachtar díobh seo a leanas:
  - (i) i gcás gnólacht infheistíochta a eisíonn an ionstraim, 7 % de thoradh 12,5 iolraithe faoi na ceanglais cistí dílse arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2019/2033;
  - (ii) i gcás institiúid a eisíonn na hionstraimí, 7 % de chóimheas caipitil de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 na hinstitiúide a eisíonn an ionstraim;
  - (iii) leibhéal is airde ná an leibhéal a shonraítear i bpointe (i) nó pointe (ii), i gcás ina gcinntíodh an gnólacht infheistíochta nó an institiúid a eisíonn an ionstraim agus a shonraítear sna forálacha lena rialáitear an ionstraim;
- (f) go gcomhlíontar ceann de na ceanglais in Airteagal 2, pointe (c).

3. Is iad seo a leanas na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, pointe (b):

- (a) go gcomhlíonfaidh na hIonstraimí Eile coinníollacha mhír 2, pointí (a) go (e);
- (b) go mbeidh na hIonstraimí Eile nasctha le hionstraim Bhreise Leibhéal 1 nó Leibhéal 2 arna heisiúint trí eintiteas atá laistigh de raon feidhme an chomhdhlúthaithe de bhun Chuid a hAon, Teideal II, Caibidil 2, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2019/2033 (“an ionstraim thagartha”);
- (c) go gcomhlíonfaidh an ionstraim thagartha coinníollacha mhír 2, pointe (c) agus pointe (f), tráth a dhámhfar an ionstraim mar luach saothair inathraitheach;
- (d) go mbeidh luach Ionstraimí Eile nasctha leis an ionstraim thagartha ionas nach mó é tráth ar bith ná luach na hionstraimí tagartha;

- (e) luach aon dáileachán a íoctar tar éis an Ionstraim Eile a dhílsíú, go mbeidh sé nasctha leis an ionstraim thagartha ionas nach mó tráth ar bith na dáileacháin a íoctar ná luach aon dáileachán a íoctar faoin ionstraim thagartha;
  - (f) leis na forálacha lena rialaítear na hIonstraimí Eile foráiltear, i gcás ina ndéantar an ionstraim thagartha a ghlaoch, a chomhshó, a athcheannach nó a fhuascailt laistigh den tréimhse iarchurtha nó choinneála, go mbeidh na hIonstraimí Eile nasctha le hionstraim thagartha choibhéiseach a chomhlíonfaidh na coinníollacha san Airteagal seo ionas agus nach méadóidh luach iomlán na hIonstraimí Eile.
4. Is iad seo a leanas na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, pointe (c):
- (a) gur chinn na húdaráis inniúla, chun críoch Airteagal 55 de Threoir (AE) 2019/2034 nó Airteagal 127 de Threoir 2013/36/AE, go mbeidh an gnólacht infheistíochta nó an institiúid a eisíonn an ionstraim a bhfuil na hIonstraimí Eile nasctha léi, go mbeidh sé nó sí faoi réir maoirseacht chomhdhlúite ag údarás maoirseachta tríú tír atá coibhéiseach leis an maoirseacht a rialaítear leis na príonsabail a leagtar amach i dTreoir (AE) 2019/2034 i gcás inar gnólacht infheistíochta atá lonnaithe i dtríú tír é an t-eisitheoir nó i dTreoir 2013/36/AE i gcás inar institiúid atá lonnaithe i dtríú tír é an t-eisitheoir agus le ceanglais Chuid a hAon, Teideal II, Caibidil 2, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;
  - (b) go gcomhlíonfaidh na hIonstraimí Eile na coinníollacha dá dtagraítear i mír 3, pointe (a) agus pointí (c) go (f).

#### Airteagal 5

#### **Na nósanna imeachta díluachála, uasluachála agus comhshó**

1. Chun críoch Airteagal 3, pointe (b), agus Airteagal 4(2), pointe (d), comhlíonfaidh na forálacha lena rialaítear ionstraimí Leibhéal 2 agus Ionstraimí Eile na nósanna imeachta agus an t-uainiú a leagtar síos i míreanna 2 go 14 den Airteagal seo chun cóimheas caipitil Ghnáthchothromas Leibhéal 1 agus na méideanna atá le díluacháil, le huasluacháil nó le comhshó a ríomh. Comhlíonfaidh na forálacha lena rialaítear ionstraimí Breise Leibhéal 1 na nósanna imeachta a leagtar síos i mír 9 agus i mír 13, pointe (c), den Airteagal seo maidir le méideanna atá le díluacháil, le huasluacháil nó le comhshó.
2. I gcás ina gceanglaíonn na forálacha lena rialaítear na hionstraimí Leibhéal 2 agus Ionstraimí Eile go ndéanfar na hionstraimí a chomhshó ina n-ionstraimí de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 tráth a tharlóidh teagmhas truceartha, sonrúidh na forálacha sin ceachtar díobh seo a leanas:
  - (a) ráta an chomhshó sin agus teorainn ar an méid comhshóite a cheadófar;
  - (b) raon, ar laistigh de, a chomhshófaidh na hionstraimí ina n-ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1.
3. I gcás ina bhforáiltear sna forálacha lena rialaítear na hionstraimí go ndéanfar méid a bpríomhshuime a dhíluacháil tráth a tharlóidh teagmhas truceartha, déanfaidh an díluacháil gach ceann díobh seo a leanas a laghdú go buan nó go sealadach:
  - (a) éileamh shealbhóir na hionstraime i ndócmhainneacht nó i leachtú na hinstitiúide nó an ghnólachta infheistíochta a d'eisigh an ionstraim;
  - (b) an méid a íoctar i gcás ina ndéanfar an ionstraim a ghlaoch nó a fhuascailt;
  - (c) na dáileacháin a dhéanfar ar an ionstraim.
4. Aon dáileachán is iníoctha tar éis díluachála, bunófar é ar mhéid laghdaithe na príomhshuime.
5. Faoin gcreat cuntasáíochta is infheidhme, le díluacháil nó le comhshó na n-ionstraimí, déanfar ítimí a ghiniúint a cháilíonn mar ítimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1.
6. I gcás inar shuigh an gnólacht infheistíochta nó an institiúid a d'eisigh an ionstraim go bhfuil cóimheas Ghnáthchothromas Leibhéal 1 tite faoi bhun an leibhéil a ghníomhachtaíonn comhshó nó díluacháil na hionstraime, ceanglaítear ar an gcomhlacht bainistíochta nó ar aon chomhlacht ábhartha eile de chuid an ghnólachta infheistíochta nó na hinstitiúide a eisíonn an ionstraim a chinneadh gan mhoill gur tharla teagmhas truceartha agus beidh oibleagáid neamh-inchúlghairthe ann chun an ionstraim a dhíluacháil nó a chomhshó.
7. Maidir le méid comhiomlán ionstraimí nach mór a dhíluacháil nó a chomhshó tráth a tharlóidh teagmhas truceartha, ní líú a bheidh sé ná an ceann is ísle de na méideanna seo a leanas:
  - (a) an méid is gá chun cóimheas Ghnáthchothromas Leibhéal 1 an ghnólachta infheistíochta nó na hinstitiúide a eisíonn an ionstraim a thabhairt ar ais ina iomláine go dtí an céatadán a socraíodh mar teagmhas truceartha sna forálacha lena rialaítear an ionstraim;
  - (b) méid iomlán phríomhshuim na hionstraime.

8. I gcás ina dtarlóidh teagmhas truceartha:

- (a) na baill foirne ar dámhadh na hionstraimí orthu mar luach saothair inathraitheach agus na daoine a leanann de na hionstraimí sin a bheith ina seilbh acu, cuirfidh an gnólacht infheistíochta ar an eolas iad;
- (b) an gnólacht infheistíochta nó an institiúid a eisíonn an ionstraim, sin é nó sin í a dhéanfaidh príomhshuim na n-ionstraimí a dhíluacháil nó na hionstraimí a chomhshó ina n-ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a luaithe is féidir agus laistigh d'uastréimhse 1 mhíosa amháin i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo.

9. I gcás ina n-áirítear leibhéal truceartha comhionann le hionstraimí Breise Leibhéal 1, le hionstraimí Leibhéal 2 agus le hionstraimí Eile, díluachálfar méid na príomhshuime nó comhshófar é ar bhonn *pro rata* do shealbhóirí uile na n-ionstraimí sin a úsáidtear chun críoch luacha saothair inathraitheach.

10. Is faoi réir athbhreithniú neamhspleách a bheidh méid na hionstraimí a bheidh le díluacháil nó le comhshó. Tabharfar an t-athbhreithniú sin chun críche a luaithe is féidir agus ní chruthófar leis baic maidir leis an ionstraim a dhíluacháil nó a chomhshó.

11. Gnólacht infheistíochta nó institiúid a eisíonn ionstraimí a chomhshó ina n-ionstraimí de Ghnáthchothromas Leibhéal 1 tráth a tharlóidh teagmhas truceartha, ceanglófar orthu a áirithiú gur leor i gcónaí a scairchaipiteal údaraithe chun na hionstraimí in-chomhshóite sin go léir a chomhshó ina scaireanna i gcás ina dtarlóidh teagmhais truceartha. Ceanglófar ar an gnólacht infheistíochta nó ar an institiúid an réamhúdarú is gá a choinneáil ar bun i gcónaí chun ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a eisiúint, arb ionstraimí iad ina gcomhshófadh na hionstraimí sin tráth a tharlódh teagmhas truceartha.

12. Gnólacht infheistíochta nó institiúid a eisíonn ionstraimí a chomhshófar ina n-ionstraimí Ghnáthchothromas Leibhéal 1 tráth a tharlóidh teagmhas truceartha, ceanglófar orthu a áirithiú nach mbeidh baic nós imeachta ann ar an gcomhshó sin de bhun a ionchorpraithe nó a shocruithe reachtúla nó conarthacha.

13. Comhlíonfar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas ionas go measfar gur sealadach í an díluacháil ionstraimí:

- (a) is ar bhrabúis a bhunófar uasluachálacha tar éis d'eisitheoir na hionstraimí cinneadh foirmiúil a dhéanamh lena ndeimhnítear na brabúis deiridh;
- (b) déanfar aon uasluacháil ionstraimí nó íocaíocht cúpón ar mhéid laghdaithe na príomhshuime a fheidhmiú de lánrogha iomlán an ghnólachta infheistíochta nó na hinstitiúide a eisíonn an ionstraim faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach i bpointe (c), pointe (d) agus pointe (e) agus ní bheidh sé d'obleagáid ar an gnólacht infheistíochta ná ar an institiúid uasluacháil a oibriú nó a luathú faoi imthosca sonracha;
- (c) déanfar uasluacháil a oibriú ar bhonn *pro rata* i measc ionstraimí Breise Leibhéal 1, ionstraimí Leibhéal 2 agus Ionstraimí Eile a úsáidtear chun críche luacha saothair inathraitheach a bhí faoi réir díluachála;
- (d) an t-uasmhéid a bheidh inchurtha i leith shuim uasluacháil ionstraimí Leibhéal 2 agus Ionstraimí Eile mar aon le híocaíocht cúpón ar mhéid laghdaithe na príomhshuime, beidh sé cothrom le brabús an ghnólachta infheistíochta nó na hinstitiúide a eisíonn an ionstraim arna iolrú ar an méid a fhaightear tríd an méid a chinntear i bpointe (i) a roinnt ar an méid a chinntear i bpointe (ii):
  - (i) suim mhéid ainmniúil ionstraimí Leibhéal 2 agus Ionstraimí Eile uile an ghnólachta infheistíochta roimh dhíluacháil a bhí faoi réir díluachála;
  - (ii) suim chistí dílse agus mhéid ainmniúil Ionstraimí Eile a úsáidtear chun críche luacha saothair inathraitheach de chuid an ghnólachta infheistíochta;
- (e) suim aon mhéid uasluachála agus aon íocaíocht cúpón ar mhéid laghdaithe na príomhshuime, déanfar iad a láimhseáil mar íocaíocht a mbeidh laghdú ar Ghnáthchothromas Leibhéal 1 mar thoradh uirthi agus beidh na tréithe seo a leanas ag baint léi:
  - (i) beidh sí comhsheasmhach le bonn caipitil fóna gnólachta infheistíochta a choinneáil ar bun,
  - (ii) i gcás inarb infheidhme, beidh sí comhsheasmhach lena himeacht tráthúil ó thacaíocht airgeadais phoiblí eisceachtúil, agus
  - (iii) i gcás inarb infheidhme, beidh sí teoranta do chuid den ghlanioncam i gcás ina mbainfidh gnólacht infheistíochta tairbhe as tacaíocht airgeadais phoiblí eisceachtúil.

14. Chun críocha mhír 13, pointe (d), déanfar an ríomh tráth a fheidhmeofar an uasluacháil.

*Airteagal 6***Socruithe malartacha**

Maidir le socruithe malartacha a d'fhéadfadh gnólachtaí infheistíochta a úsáid i gcomhair íocaíochtaí amach luacha saothair inathraitheach faoi Airteagal 32(1), pointe (k), de Threoir (AE) 2019/2034, faoi réir fhormheas an údaráis inniúil, comhlíonfaidh siad na coinníollacha uile seo a leanas:

- (a) go rannchuidíonn an socrú malartach le hailíniú an luacha saothair inathraitheach le leasanna fadtéarmacha an ghnólachta infheistíochta, a chreidiúnaithe agus a chliant;
- (b) go mbeidh an socrú malartach faoi réir beartas coinneála a ceapadh chun dreasachtaí an duine aonair a ailíniú le leasanna fadtéarmacha an ghnólachta infheistíochta, a chreidiúnaithe agus a chliant, agus is 6 mhí ar a laghad a bheidh sa tréimhse choinneála;
- (c) an méid a fhaightear faoi shocrú malartach agus na coinníollacha is infheidhme, go mbeidh siad doiciméadaithe go maith agus go mbeidh siad trédhearcach don bhall foirne a gheobhaidh luach saothair inathraitheach faoin socrú sin;
- (d) i gcás méideanna a fhaightear faoi shocruithe iarchurtha agus coinneála, áirithítear leis an socrú malartach nach féidir leis an bhfoireann an chuid iarchurtha den luach saothair inathraitheach a rochtain, a aistriú nó a fhuascailt le linn na dtréimhsí sin;
- (e) ní fhoráiltear sa socrú malartach maidir le méadú ar luach an luacha saothair inathraitheach a fhaightear le linn tréimhsí iarchurtha trí íocaíochtaí úis nó trí shocruithe eile dá samhail seachas trí shocruithe a chomhlíonfaidh na coinníollacha a leagtar síos i bpointe (f);
- (f) i gcás ina gceadaítear leis an socrú malartach athruithe réamhshocráithe ar an luach a fhaightear mar luach saothair inathraitheach le linn tréimhsí iarchurtha agus coinneála, bunaithe ar fheidhmíocht an ghnólachta infheistíochta nó na sócmhainní bainistithe, comhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:
  - (i) go bhfuil an t-athrú ar an luach bunaithe ar tháscairí feidhmíochta réamhshainithe atá bunaithe ar cháilíocht chreidmheasa an ghnólachta infheistíochta nó ar fheidhmíocht na sócmhainní bainistithe;
  - (ii) i gcás ina gcaithfear iarchur agus coinneáil a chur i bhfeidhm, gur cheart athruithe ar luach a ríomh go bliantúil ar a laghad agus ag deireadh na tréimhse coinneála;
  - (iii) an ráta athruithe deimhneacha agus diúltacha ar luach a d'fhéadfadh a bheith ann, ba cheart é a bhunú freisin ar leibhéal na n-athruithe deimhneacha nó diúltacha ar cháilíocht chreidmheasa nó ar an bhfeidhmíocht arna dtomhas;
  - (iv) i gcás ina bhfuil an t-athrú ar luach faoi phointe (i) bunaithe ar fheidhmíocht na sócmhainní arna mbainistiú, beidh céatadán an athraithe ar luach teoranta do chéatadán an athraithe ar luach na sócmhainní arna mbainistiú;
  - (v) i gcás ina bhfuil an t-athrú ar luach faoi phointe (i) bunaithe ar cháilíocht chreidmheasa an ghnólachta infheistíochta, beidh céatadán an athraithe ar an luach teoranta do chéatadán an ollioncaim iomláin bhliantúil i ndáil le cistí dílse an ghnólachta infheistíochta ina n-iomláine;
- (g) leis an socrú malartach, ní chuirtear bac ar chur i bhfeidhm Airteagal 32(1), pointe (m), de Threoir (AE) 2019/2034.

*Airteagal 7***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an cúigiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 13 Lúnasa 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/2156 ÓN gCOIMISIÚN****an 17 Meán Fómhair 2021****lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí shaotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh a bhunú le haghaidh an heipitéas eansótach****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a rinneadh lena áirithiú go gcuirfeadh i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 92(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An galar veicteoir-iompartha zónóiseach heipitéas eansótach (RVF), galar a bhíonn ar an athchogantach fiáin agus ar an athchogantach clóis, is galar é atá ag teacht chun cinn, is víreas is cúis leis, agus d'fhéadfadh sé gur bagairt trasteorann a bheadh ann. Rátaí arda mairfeachta agus mortlaíochta mortlaíocht laonna nuabheirthe, sin í an tsaintréith a bhaineann leis an heipitéas eansótach i gcás an athchogantaigh clóis. I gcás an duine, is ina thinneas atá cosúil le fluú a bhíonn an galar seo den chuid is mó, agus beagán de na daoine a thógann é, is féidir go dtiocfadh einceifealaíteas orthu, sin nó galar heipiteach tromchúiseach lena ngabhann comharthaí fuilreatha. Tá an heipitéas eansótach ar liosta na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (OIE) de ghalair ainmhíocha is gá a chur in iúl <sup>(2)</sup>.
- (2) I Márta 2019, d'fhoilsigh an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) mear-mheasúnú riosca chun aghaidh a thabhairt ar an mbaol a bhí ann go dtiocfadh víreas an heipitítis eansótaigh thar tír isteach agus go scaipfeadh sé a thuilleadh laistigh den Aontas agus den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) i bhfianaise an mhéadaithe ar chásanna a tuairiscíodh in Mayotte <sup>(3)</sup>. Is éard a tugadh chun suntais sa mheasúnú sin, cé gur baol an-bheag don Aontas agus do LEE a bhí sna ráigeanna sin ó thaobh víreas an heipitítis eansótaigh a thabhairt isteach trí thrádáil dhleathach na n-ainmhithe agus na dtáirgí ainmhíocha, is rud a bhféadfadh baol a bheith ag baint leis atá in iompar mídhleathach na feola úire, an bhainne neamhphaistearaithe agus táirgí neamhchóireáilte de thionscnamh cogantaigh a bhfuil an víreas orthu. Is é an chonclúid ar ar tháinig ECDC, dá mba rud é go dtabharfaí an víreas isteach i gcuid na Mór-Roinne den Aontas agus de LEE, níorbh fhéidir a chur as an áireamh go dtarlódh tarchur breise veicteoir-iompartha i measc ainmhithe.
- (3) Ina theannta sin, ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) tuairim eolaíoch maidir leis an heipitéas eansótach an 23 Eanáir 2020 <sup>(4)</sup>, tuairim inar cuireadh in iúl nár cheart neamhaird a thabhairt ar an mbaol go leathfadh an heipitéas eansótach isteach i dtíortha atá i gcomharsanacht an Aontais ná ar an mbaol go dtabharfaí veicteoirí ionfhabhtaithe isteach san Aontas.

<sup>(1)</sup> IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.<sup>(2)</sup> Liosta OIE de ghalair ainmhíocha talún agus de ghalair ainmhíocha uisceacha is gá a chur in iúl (<https://www.oie.int/en/what-we-do/animal-health-and-welfare/animal-diseases>).<sup>(3)</sup> An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú. Mearmheasúnú riosca: Ráig den heipitéas eansótach in Mayotte na Fraince – 7 Márta 2019. Stóicólm: ECDC; 2019.<sup>(4)</sup> Iris EFSA 2020;18(3):6041.



- (4) An baol atá ann go dtiocfadh an heipitéas eansótach isteach san Aontas, is rud é a fhágann gur cheart don Aontas bearta leordhóthanacha faireachais agus rialaithe i gcoinne an ghalair sin a bhunú, rud atá i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(5)</sup> lena mbunaítear creat reachtach um chosc agus rialú galar liostaithe. I gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún <sup>(6)</sup>, meastar gur galar de na catagóirí A, D agus E atá sa heipitéas eansótach, agus gur gá a luaithe a bhraitear é dul i muinín bearta díothaithe ina leith.
- (5) Tá bearta leormhaithe um fhaireachas ar ghalair agus um chosc galair i bhfeidhm ag an Aontas i leith an heipítis eansótaigh ionas gur cinnte go ndíothófar láithreach é má thagann sé isteach san Aontas. Chun gur bearta éifeachta a bheidh iontu feasta, ba cheart an ullmhacht iomchuí a chur leo, sin agus acmhainní a d'fhéadfaí tarraingt orthu chun an galar a chomhrac, acmhainní lena gcuirfí poitéinseal zónóiseach an ghalair san áireamh. I ndáil leis sin, meastar gur gá cumas leordhóthanach tástála saotharlainne a sholáthar, ós rud é go bhfuil ardchaighdeán an chumais tástála sin riachtanach chun na bearta faireachais agus rialaithe galar a chur chun feidhme agus a áirithiú dá bhrí sin nach dtiocfaidh an galar isteach san Aontas.
- (6) Níl saotharlann tagartha de chuid an Aontais Eorpaigh bunaithe ag an Aontas go fóill maidir leis an heipitéas eansótach. Saotharlann tagartha a ainmniú, sin rud nach mór a dhéanamh ionas go mbeifear i riocht bearta faireacháin agus bearta rialála galar a chur i bhfeidhm ar bhonn eolaíoch agus ar bhealach aonchineálach ar fud chríocha an Aontais.
- (7) Dá bhrí sin, ba cheart saotharlann tagartha de chuid an Aontais Eorpaigh maidir leis an heipitéas eansótach a bhunú leis an Rialachán seo, saotharlann a rannchuideodh le héifeachtacht rialuithe oifigiúla a áirithiú agus le cúnaimh do shaotharlanna oifigiúla a chomhordú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Bunaítear leis seo saotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh maidir leis an heipitéas eansótach.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Meán Fómhair 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

<sup>(5)</sup> Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1).

<sup>(6)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 i ndáil le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe a chur i bhfeidhm maidir le catagóirí de ghalair liostaithe agus lena mbunaítear liosta de speicis agus grúpaí speiceas a bhfuil an-bhaol ann go scaipfidís na galair liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21).

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2157 ÓN gCOIMISIÚN**  
**an 6 Nollaig 2021**

**lena dtionscnaítear athbhreithniú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1266 agus (AE) 2021/1267 lena leathnaítear faoi seach an dleacht frithdhumpála chinntitheach agus an dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail arna gcur chun bealaigh ó Ceanada a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh Ceanada iad nó ná bíodh, athbhreithniú chun a chinneadh an féidir díolúine ó na bearta sin a thabhairt do táirgeoir onnmhairiúcháin amháin de chuid Ceanada, lena n-aisghairtear an dleacht frithdhumpála a mhéid a bhaineann le hallmhairí ón táirgeoir onnmhairiúcháin sin agus lena gcuirtear allmhairí ón táirgeoir onnmhairiúcháin sin faoi réir a gcláraithe**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad <sup>(1)</sup> (“an bun-Rialachán maidir le frithdhumpáil”) agus go háirithe Airteagal 13(4) agus Airteagal 14(5) de, agus do Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad <sup>(2)</sup> (“an bun-Rialachán maidir le frith-fhóirdheontas”), agus go háirithe Airteagal 23(6) de,

Ag féachaint do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1266 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 <sup>(3)</sup>, agus do Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1267 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2021 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 <sup>(4)</sup>,

Tar éis na Ballstáit a chur ar an eolas,

De bharr an mhéid seo a leanas:

### 1. IARRAIDH

- (1) Fuair an Coimisiún Eorpach (“an Coimisiún”) iarraidh ar dhíolúine ó na bearta frithdhumpála agus frithchúitimh is infheidhme maidir le hallmhairí bithdhíosail arna gcur chun bealaigh ó Ceanada, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh Ceanada iad nó ná bíodh, a mhéid a bhaineann le Verbio Diesel Canada Corporation (“an t-iarratasóir”), de bhun Airteagal 13(4) den bhun-Rialachán maidir le frithdhumpáil agus Airteagal 23(6) den bhun-Rialachán maidir le frith-fhóirdheontas.
- (2) Chuir an t-iarratasóir an iarraidh isteach an 7 Meán Fómhair 2021, ar táirgeoir onnmhairiúcháin bithdhíosail é i gCeanada (“an tír lena mbaineann”).

### 2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ

- (3) Is é atá sa táirge atá faoi athbhreithniú eistir mhona-ailcile aigéid shailigh agus/nó gás-ola phairifíneach a fhaightear ó shintéis agus/nó ó hidreachóireáil, de thionscnamh neamh-iontaise, ar a dtugtar “bithdhíosail” go coitianta, i bhfoirm íon nó i gcumasc ina bhfuil, de réir meáchain, níos mó ná 20 % d'eistir mhona-ailcile aigéid shailigh agus/nó gás-ola phairifíneach a fhaightear ó shintéis agus/nó ó hidreachóireáil, de thionscnamh neamh-iontaise, a chuirtear chun bealaigh ó Ceanada, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh Ceanada iad nó ná bíodh, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 1516 20 98 (cód TARIC 1516 20 98 21), ex 1518 00 91 (cód TARIC 1518 00 91 21), ex 1518 00 99 (cód TARIC 1518 00 99 21), ex 2710 19 43 (cód TARIC 2710 19 43 21), ex 2710 19 46 (cód TARIC 2710 19 46 21), ex 2710 19 47 (cód TARIC 2710 19 47 21), ex 2710 20 11 (cód TARIC 2710 20 11 21), ex 2710 20 16 (cód TARIC 2710 20 16 21), ex 3824 99 92 (cód TARIC 3824 99 92 10), ex 3826 00 10 (cód TARIC 3826 00 10 20, 3826 00 10 50, 3826 00 10 89) agus ex 3826 00 90 (cód TARIC 3826 00 90 11).

<sup>(1)</sup> IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

<sup>(2)</sup> IO L 176, 30.6.2016, lch. 55.

<sup>(3)</sup> IO L 277, 2.8.2021, lch. 34.

<sup>(4)</sup> IO L 277, 2.8.2021, lch. 62.

### 3. BEARTA ATÁ I bhFEIDHM FAOI LÁTHAIR

- (4) Is le Rialacháin (CE) Uimh. 598/2009 <sup>(5)</sup> agus (CE) Uimh. 599/2009 <sup>(6)</sup> a d'fhorchuir an Chomhairle dleachtanna cinntitheacha frithchúitimh agus frithdhumpála ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá.
- (5) Leathnaíodh na bearta sin le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 443/2011 <sup>(7)</sup> agus (AE) Uimh. 444/2011 <sup>(8)</sup> ón gComhairle chun allmhairí bithdhíosail arna gcur chun bealaigh ó Ceanada a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh Ceanada iad nó ná bíodh.
- (6) Na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair, is le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1266 a forchuireadh iad tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán maidir le frithdhumpáil agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1267 tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 18(2) den bhun-Rialachán maidir le frith-fhóirdheontas.

### 4. AN FORAS LEIS AN ATHBHREITHNIÚ

- (7) Líomhnaigh an t-iarratasóir nár onnmhairigh sé an táirge atá faoi athbhreithniú chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin a úsáideadh le haghaidh an imscrúdaithe ba chúis leis na bearta leathnaithe arna nglacadh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 443/2011 agus (AE) Uimh. 444/2011, is é sin an tréimhse ón 1 Aibreán 2009 go dtí an 30 Meitheamh 2010 (“an tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh”). De réir na fianaise a chuir an t-iarratasóir isteach, níor cruthaíodh an t-iarratasóir go dlíthiúil ach in 2019, cé gur tógadh agus gur osclaíodh an gléasra tar éis na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh in 2012.
- (8) Ina theannta sin, chuir an t-iarratasóir fianaise ar fáil gur fíortháirgeoir é agus líomhnaíodh nach ndeachaigh sé timpeall ar na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair.
- (9) Ina theannta sin, mhaígh an t-iarratasóir gur onnmhairigh sé an táirge faoi athbhreithniú chuig an Aontas tar éis na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh, i mí Iúil 2021.

### 5. NÓS IMEACHTA

#### 5.1. Tionscnamh

- (10) Rinne an Coimisiún scrúdú ar an bhfianaise agus chinn sé gur leor an fhianaise a bhí ann chun údar cuí a thabhairt le himscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagal 13(4) den bhun-Rialachán maidir le frithdhumpáil agus de bhun Airteagal 23(6) den bhun-Rialachán maidir le frith-fhóirdheontas chun a chinneadh an féidir díolúine ó na bearta leathnaithe a thabhairt don iarratasóir.
- (11) Tionscal an Aontais arb eol iad a bheith bainteach, cuireadh ar an eolas é faoin iarraidh ar athbhreithniú agus tugadh deis dó a bharúlacha a chur isteach. Ní bhfuarthas aon bharúil.

<sup>(5)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 598/2009 ón gComhairle an 7 Iúil 2009 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 179, 10.7.2009, lch. 1).

<sup>(6)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 599/2009 ón gComhairle an 7 Iúil 2009 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá (IO L 179, 10.7.2009, lch. 26).

<sup>(7)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 443/2011 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2011 lena leathnaítear an dleacht frithchúitimh chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán (CE) Uimh. 598/2009 ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá chun allmhairí bithdhíosail arna gcur chun bealaigh ó Ceanada a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh Ceanada iad nó ná bíodh, agus lena leathnaítear an dleacht frithchúitimh chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán (CE) Uimh. 598/2009 chun allmhairí bithdhíosail i gcumasc ina bhfuil, de réir meáchain, 20 % nó níos lú de bhithdhíosail de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá a chumhdach, agus lena bhfoirceantar an t-imscrúdú i leith allmhairí arna gcur chun bealaigh ó Shingepór (IO L 122, 11.5.2011, lch. 1).

<sup>(8)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 444/2011 ón gComhairle an 5 Bealtaine 2011 lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán (CE) Uimh. 599/2009 ar allmhairí bithdhíosail de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá chun allmhairí bithdhíosail arna gcur chun bealaigh ó Ceanada a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh Ceanada iad nó ná bíodh, agus lena leathnaítear an dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchuirtear le Rialachán (CE) Uimh. 599/2009 chun allmhairí bithdhíosail i gcumasc ina bhfuil, de réir meáchain, 20 % nó níos lú de bhithdhíosail de thionscnamh Stáit Aontaithe Mheiriceá a chumhdach, agus lena bhfoirceantar an t-imscrúdú i leith allmhairí arna gcur chun bealaigh ó Shingepór (IO L 122, 11.5.2011, lch. 12).

- (12) San imscrúdú a dhéanfaidh an Coimisiún, tabharfaidh sé aird ar leith ar chaidreamh an iarratasóra leis na cuideachtaí atá faoi réir na mbearta atá i bhfeidhm faoi láthair chun a áirithiú nár cuireadh tús leis an gcaidreamh sin chun dul timpeall ar na bearta. Breithneoidh an Coimisiún freisin ar cheart coinníollacha áirithe faireacháin a fhorchur sa chás gurb é conclúid an imscrúdaithe go bhfuil údar maith leis an díolúine a dheonú.

#### 5.2. Aisghairm na mbearta frithdhumpála atá i bhfeidhm faoi láthair agus clárú na n-allmhairí

- (13) I gcomhréir le hAirteagal 11(4) den bhun-Rialachán maidir le frithdhumpáil, i gcásanna inarb ann d'onnmhairroirí nua sa tír is onnmhairroir atá faoi chaibidil, onnmhairroirí nár onnmhairigh an táirge le linn na tréimhse imscrúdúcháin ar a raibh na bearta bunaithe, ba cheart an dleacht frithdhumpála atá i bhfeidhm a aisghairm maidir le hallmhairí an táirge atá faoi athbhreithniú a tháirgeann agus a dhíolann an t-iarratasóir lena n-onnmhairiú chuig an Aontas.
- (14) An tráth céanna, ba cheart na hallmhairí sin a chur faoi réir a gcláraithe i gcomhréir le hAirteagal 14(5) den bhun-Rialachán maidir le frithdhumpáil chun a áirithiú go bhféadfar dleachtanna frithdhumpála a ghearradh ó dháta clárúcháin na n-allmhairí sin más rud é go ndéantar amach san athbhreithniú go ndeachaigh an t-iarratasóir timpeall ar na bearta. Bheadh méid na ndliteanas a d'fhéadfadh a bheith ag an iarratasóir amach anseo comhionann leis an dleacht is infheidhme maidir le “gach cuideachta eile” in Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1266 (EUR 172,2 in aghaidh an tona).

#### 5.3. Bearta frith-fhóirdheontais atá i bhfeidhm faoi láthair

- (15) Ós rud é nach bhforáiltear sa bhun-Rialachán maidir le frith-fhóirdheontas maidir le haisghairm na ndleachtanna frithchúitímh i gcásanna nach ndearnadh imscrúdú ar onnmhairroirí ina n-aonar le linn an imscrúdaithe bunaidh, beidh feidhm ag na bearta sin i gcónaí. Ní dhéanfar na bearta frith-fhóirdheontais atá i bhfeidhm a aisghairm maidir leis an iarratasóir ach amháin más é toradh an athbhreithnithe go bhfuil an t-iarratasóir i dteideal díolúine.

#### 5.4. Tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin

- (16) Is imscrúdú é sin a chumhdóidh an tréimhse ón 1 Aibreán 2009 go dtí an 30 Meán Fómhair 2021 (“tréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin”).

#### 5.5. Imscrúdú a dhéanamh ar an iarratasóir

- (17) Chun an fhaisnéis a mheasann an Coimisiún a bheith riachtanach le haghaidh a imscrúdaithe a fháil, cuirfidh an Coimisiún ceistneoir chuig an iarratasóir. Ní mór don iarratasóir an ceistneoir comhlánaithe a chur isteach laistigh de 37 lá ón dáta a dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm, mura sonraítear a mhalairt, de bhun Airteagal 6(2) den bhun-Rialachán maidir le frithdhumpáil agus de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán maidir le frith-fhóirdheontas.

#### 5.6. Aighneachtaí eile i scríbhinn

- (18) Faoi réir fhorálacha an Rialacháin seo, iarrtar ar gach páirtí leasmhar a chuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a sholáthar. Mura sonraítear a mhalairt, ní mór an fhaisnéis agus an fhianaise thacaíochta a bheith faighte ag an gCoimisiún laistigh de 37 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

#### 5.7. An deis éisteacht a fháil le seirbhísí imscrúdúcháin an Choimisiúin

- (19) Féadfaidh gach páirtí leasmhar éisteacht le seirbhísí imscrúdúcháin an Choimisiúin a iarraidh. Aon iarraidh ar éisteacht, ní mór í a dhéanamh i scríbhinn agus ní mór na cúiseanna leis an iarraidh a shonrú inti. Maidir le héisteachtaí a bhaineann le tionscnamh an imscrúdaithe, ní mór an iarraidh a chur isteach laistigh de 15 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Tar éis sin, ní mór iarraidh ar éisteacht a chur isteach laistigh de na sprioc-amanna sonracha a leagann an Coimisiún síos ina theachtaireachtaí chuig na páirtithe.

### 5.8. Treoracha le haghaidh aighneachtaí i scríbhinn a dhéanamh, agus le haghaidh ceistneoirí comhlánaithe agus comhfhreagras a sheoladh

- (20) Maidir le faisnéis a chuirfear faoi bhráid an Choimisiúin chun críche imscrúduithe cosanta trádála, beidh an fhaisnéis sin saor ó chóipchirt. Ní mór do pháirtithe leasmhara, sula gcuirfidh siad faisnéis agus/nó sonraí atá faoi réir cóipchearta tríú páirtí faoi bhráid an Choimisiúin, cead a iarraidh go sonrach ar shealbhóir an chóipchirt lena gceadaítear don Choimisiún a) an fhaisnéis agus na sonraí a úsáid chun críoch an nós imeachta cosanta trádála seo agus b) an fhaisnéis agus/nó na sonraí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara san imscrúdú sin i bhfoirm a fhágfaidh go mbeidh siad in ann a gcearta chun cosanta a fheidhmiú.
- (21) Cuirfear an lipéad “Íogair” ar gach aighneacht i scríbhinn, lena n-áirítear an fhaisnéis a iarrtar sa Rialachán seo, ar cheistneoirí comhlánaithe agus ar chomhfhreagras arna gcur ar fáil ag páirtithe leasmhara a iarrann gur i modh rúin a chaithfí leo. Páirtithe a chuireann faisnéis isteach le linn an imscrúdaithe sin, iarrtar orthu cúis a thabhairt lena n-iarraidh go gcaithfí i modh rúin leo.
- (22) Ní mór do pháirtithe a sholáthraíonn faisnéis “Íogair” achoimrí neamhrúnda uirthi a chur ar fáil de bhun Airteagal 19(2) den bhun-Rialachán maidir le frithdhumpáil agus Airteagal 29(2) den bhun-Rialachán maidir le frith-fhóirdheontas, achoimrí a gcuirfear lipéad orthu a shonrófar “Lena n-íniúchadh ag na páirtithe leasmhara”. Ba cheart do na hachoimrí sin a bheith mionsonraithe ar bhealach leordhóthanach chun go bhféadfar bunús na faisnéise a cuireadh isteach faoi rún a thuiscint go réasúnta.
- (23) Mura féidir leis an bpáirtí a sholáthraíonn faisnéis “Íogair” cúis mhaith a thabhairt lena iarraidh gur i modh rúin a chaithfí léi nó mura dtugann sé achoimre neamhrúnda uirthi san fhormáid agus sa cháilíocht a iarradh, féadfaidh an Coimisiún neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis sin mura féidir a thaispeáint go sásúil ó fhoinsí iomchuí go bhfuil an fhaisnéis ceart.
- (24) Iarrtar ar pháirtithe leasmhara na haighneachtaí agus na hiarrataí uile a dhéanamh trí ríomhphost lena n-áirítear cumhachtaí aturanae scanta agus bileoga deimhniúcháin scanta, cé is moite d’fhreagraí toirtiúla ba cheart a chur isteach ar mheán stórála digití iniompartha (CD-ROM, DVD, flaistiomántán USB) de láimh nó tríd an bpost cláraithe. Trí úsáid a bhaint as ríomhphost, cuireann páirtithe leasmhara in iúl go n-aontaíonn siad leis na rialacha is infheidhme maidir le haighneachtaí leictreonacha atá sa doiciméad dar teideal “CORRESPONDENCE WITH THE EUROPEAN COMMISSION IN TRADE DEFENCE CASES” [COMHfhreagras leis an gCoimisiún Eorpach i gCásanna Cosanta Trádála], doiciméad a foilsíodh ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: [http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2011/june/tradoc\\_148003.pdf](http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2011/june/tradoc_148003.pdf).
- (25) Ní mór do na páirtithe leasmhara a n-ainm, a seoladh, a n-uimhir theileafóin agus a seoladh ríomhphoist bailí a thabhairt, agus ba cheart dóibh a áirithiú gur ríomhphost oifigiúil feidhmiúil gnó é an seoladh ríomhphoist a chuirtear ar fáil, seoladh a sheiceáiltear ar bhonn laethúil. Tráth a gcuirfear sonraí teagmhála ar fáil, ní dhéanfaidh an Coimisiún cumarsáid le páirtithe leasmhara ach amháin trí ríomhphost, seachas i gcás ina n-iarraíodh siad na doiciméid uile ón gCoimisiún a fháil trí mheán eile cumarsáide go sainráite, nó mura rud é gur gá post cláraithe a úsáid mar gheall ar chineál an doiciméid atá le seoladh. Le haghaidh tuilleadh rialacha agus faisnéise maidir le comhfhreagras leis an gCoimisiún, lena n-áirítear prionsabail a bhaineann le haighneachtaí trí ríomhphost, ba cheart do pháirtithe leasmhara féachaint ar na treoracha cumarsáide le páirtithe leasmhara dá dtagraítear thuas.

Seoladh an Choimisiúin le haghaidh comhfhreagrais:

An Coimisiún Eorpach  
Ard-Stiúrthóireacht na Trádála  
Stiúrthóireacht G  
Oifig: CHAR 04/039  
1040 Bruxelles/Brussel  
BELGIQUE/BELGIË

R-phost: TRADE-R752-BIODIESEL-EXEMPTION@ec.europa.eu

### 6. AN DEIS BARÚLACHA A THABHAIRT MAIDIR LE HAIGHNEACHTAÍ PÁIRTITHE EILE

- (26) Chun cearta na cosanta a ráthú, ba cheart an deis a bheith ag páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt maidir le faisnéis a chuir páirtithe leasmhara eile isteach. Agus sin á dhéanamh acu, ní fhéadfaidh páirtithe leasmhara aghaidh a thabhairt ach ar na saincheisteanna a ardaítear in aighneachtaí na bpáirtithe leasmhara eile agus ní fhéadfaidh siad saincheisteanna nua a tharraingt anuas. Na barúlacha maidir leis an bhfaisnéis a chuir páirtithe leasmhara eile ar fáil mar fhreagairt ar nochtadh na dtorthaí cinntitheacha, ba cheart iad sin a chur isteach laistigh de 5 lá ón sprioc-am

chun tuairim a thabhairt ar na torthaí cinntitheacha, mura sonraítear a mhalairt. Más ann do nochtadh deiridh breise, na barúlacha a rinne páirtithe leasmhara eile mar fhreagairt ar nochtadh eile na dtorthaí cinntitheacha sin, ba cheart iad sin a chur isteach laistigh de 1 lá ón sprioc-am chun tuairim a thabhairt ar an nochtadh breise sin, mura sonraítear a mhalairt. Tá an tráthchlár a leagtar amach gan dochar do cheart an Choimisiúin faisnéis bhreise a iarraidh ar pháirtithe leasmhara i gcásanna a bhfuil údar cuí leo.

#### 7. SÍNEADH A CHUR LEIS NA TEORAINNEACHA AMA A SHONRAÍTEAR SA RIALACHÁN SEO

- (27) Níor cheart aon síneadh maidir leis na teorainneacha ama dá bhforáiltear sa Rialachán seo a iarraidh ach amháin in imthosca eisceachtúla agus ní dhéanfar é a dheonú ach amháin má tá údar cuí leis agus chúis mhaith léirithe.
- (28) I gcás ar bith, beidh teorainn 3 lá de ghnáth le síneadh a chur leis an sprioc-am chun freagra a thabhairt ar cheistneoirí, agus mar riail ghinearálta ní rachaidh sé thar 7 lá.
- (29) Teorainneacha ama maidir le faisnéis eile a shonraítear sa Rialachán a chur isteach, beidh teorainn 3 lá leis na síntí ach amháin má léirítear gur ann d'imthosca eisceachtúla.

#### 8. NEAMH-CHOMHOIBRÍÚ

- (30) I gcásanna ina ndíulthaíonn aon pháirtí leasmhar rochtain a thabhairt ar an bhfaisnéis is gá nó mura gcuireann sé an fhaisnéis sin ar fáil laistigh de na teorainneacha ama, nó ina gcuireann sé bac suntasach ar an imscrúdú, féadfar torthaí deimhneacha nó diúltacha a thabhairt ar bhonn na bhfíoras atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán maidir le frithdhumpáil agus Airteagal 28 den bhun-Rialachán maidir le frith-fhóirdheontas.
- (31) I gcás inar léir gur sholáthair páirtí leasmhar faisnéis bhréagach nó mhíthreorach, féadfar neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis sin agus féadfar úsáid a bhaint as na fíoras atá ar fáil.
- (32) Mura gcomhoibríonn páirtí leasmhar nó mura gcomhoibríonn sé ach i bpáirt agus, dá bhrí sin, má tá na torthaí bunaithe ar fhíoras atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán maidir le frithdhumpáil agus Airteagal 28 den bhun-Rialachán maidir le frith-fhóirdheontas, d'fhéadfadh sé nach mbeadh an toradh chomh fabhrach céanna don pháirtí sin agus a bheadh dá mbeadh comhoibriú déanta aige.
- (33) Mura dtugtar freagra leictreonach, ní mheasfar gur neamh-chomhoibriú é sin, ar choinníoll go léireoidh an páirtí leasmhar go mbeadh ualach breise nó costas breise mí-réasúnach air mar thoradh ar an bhfreagra a thabhairt ar an mbealach a iarradh é. Ba cheart don pháirtí leasmhar teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún láithreach.

#### 9. OIFIGEACH ÉISTEACHTA

- (34) Féadfaidh páirtithe leasmhara idirghabháil an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh. Gníomhaíonn an tOifigeach Éisteachta mar phointe teagmhála idir na páirtithe leasmhara agus seirbhísí imscrúdúcháin an Choimisiúin. Déanann an tOifigeach Éisteachta athbhreithniú ar na hiarrataí ar rochtain ar an gcomhad, ar dhíospóidí maidir le rúndacht na ndoiciméad, ar iarrataí ar shíneadh teorainneacha ama agus ar iarrataí ó thrú páirtithe ar éisteacht a fháil. Féadfaidh an tOifigeach Éisteachta éisteacht a eagrú le páirtí leasmhar aonair agus idirghabháil a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil cearta cosanta na bpáirtithe leasmhara á bhfeidhmiú go hiomlán. Cuirfidh an tOifigeach Éisteachta deiseanna ar fáil freisin i ndáil le héisteacht leis na páirtithe a reáchtáil, rud a fhorálfaí maidir le tuairimí éagsúla a chur i láthair agus le hargóintí frísneise a chur chun tosaigh.
- (35) Is i scríbhinn ba cheart iarraidh ar éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta a dhéanamh agus ba cheart na cúiseanna atá leis an iarraidh a shonrú inti. Maidir le héisteachtaí a bhaineann leis an gcéad chéim den imscrúdú, iarrtar ar na páirtithe a n-iarraidh a chur isteach laistigh de 15 lá ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Chuige sin, na hiarrataí ar éisteacht leis an Oifigeach Éisteachta, cuirfear isteach iad a luaithe is féidir tar éis an teagmhais arb é is údar le hidirghabháil den sórt sin a bheith ann. Déanfaidh an tOifigeach Éisteachta scrúdú ar na cúiseanna le hiarrataí ar idirghabhálacha, ar chineál na saincheisteanna a ardaíodh agus ar thionchar na saincheisteanna sin ar chearta cosanta, ag féachaint go cuí do leasanna an dea-riaracháin agus don imscrúdú a thabhairt chun críche go tráthúil.
- (36) Chun tuilleadh faisnéise agus sonraí teagmhála a fháil, féadfaidh páirtithe leasmhara féachaint ar leathanaigh ghréasáin an Oifigigh Éisteachta ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála: <http://ec.europa.eu/trade/trade-policy-and-you/contacts/hearing-officer/>.

## 10. SCEIDEAL AN IMSCRÚDAITHE

- (37) Tabharfar an t-imscrúdú chun críche, de bhun Airteagal 11(5) den bhun-Rialachán maidir le frithdhumpáil agus Airteagal 22(1) den bhun-Rialachán maidir le frith-fhóirdheontas, laistigh de 9 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

## 11. PRÓISEÁIL SONRAÍ PEARSANTA

- (38) Is i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle <sup>(9)</sup> a chaithear le haon sonraí pearsanta a bhaileofar san imscrúdú seo.
- (39) Tá fógra cosanta sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, fógra a chuireann gach duine ar an eolas faoi phróiseáil sonraí pearsanta faoi chuimsiú gníomhaíochtaí cosanta trádála an Choimisiúin: <http://ec.europa.eu/trade/policy/accessing-markets/trade-defence/>,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

### *Airteagal 1*

Allmhairí eistear mona-ailcile aigéid shailigh agus/nó gáis-ola pairifíní a fhaightear ó shintéis agus/nó ó hidreachóireáil, de thionscnamh neamh-iontaise, ar a dtugtar “bithdhíosal” go coitianta, i bhfoirm íon nó i gcumasc ina bhfuil, de réir meáchain, níos mó ná 20 % d'eistir mhona-ailcile aigéid shailigh agus/nó gáis-ola phairifíneach a fhaightear ó shintéis agus/nó ó hidreachóireáil, de thionscnamh neamh-iontaise, a chuirtear chun bealaigh ó Cheanada, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh Cheanada iad nó ná bíodh, atá faoi láthair faoi chóid AC ex 1516 20 98 (cód TARIC 1516 20 98 21), ex 1518 00 91 (cód TARIC 1518 00 91 21), ex 1518 00 99 (cód TARIC 1518 00 99 21), ex 2710 19 43 (cód TARIC 2710 19 43 21), ex 2710 19 46 (cód TARIC 2710 19 46 21), ex 2710 19 47 (cód TARIC 2710 19 47 21), ex 2710 20 11 (cód TARIC 2710 20 11 21), ex 2710 20 16 (cód TARIC 2710 20 16 21), ex 3824 99 92 (cód TARIC 3824 99 92 10), ex 3826 00 10 (cód TARIC 3826 00 10 20, 3826 00 10 50, 3826 00 10 89) agus ex 3826 00 90 (cód TARIC 3826 00 90 11), arna dtáirgeadh ag Verbio Diesel Canada Corporation (cód breise TARIC C600), leis seo, tionscnaítear athbhreithniú de bhun Airteagal 13(4) de Rialachán (AE) 2016/1036 agus Airteagal 23(6) de Rialachán (AE) 2016/1037 lena suí ar cheart na hallmhairí sin a bheith faoi réir na mbeart frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1266 agus (AE) 2021/1267.

### *Airteagal 2*

An dleacht frithdhumpála arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1266, is leis seo a aisghairtear í a mhéid a bhaineann leis na hallmhairí a shainaitnítear in Airteagal 1 den Rialachán seo.

### *Airteagal 3*

Glacfaidh na hÚdaráis Chustaim na céimeanna iomchuí chun na hallmhairí a shainaitnítear in Airteagal 1 den Rialachán seo a chlárú, de bhun Airteagal 14(5) de Rialachán (AE) 2016/1036.

Rachaidh an clárúchán in éag 9 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

### *Airteagal 4*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

<sup>(9)</sup> Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---



**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2158 ÓN gCOIMISIÚN  
an 6 Nollaig 2021**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras clasaiceach na muc**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe (“Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe”) <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 71(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is galar víreasach tógalach é fiabhras clasaiceach na muc a ghabhann do mhuc-ainmhithe atá ar coimeád agus do mhuc-ainmhithe fiáine agus is féidir tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta toisc go gcuireann sé isteach ar ghluaiseacht choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus táirgí ó na hainmhithe sin laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha.
- (2) Glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934 ón gCoimisiún <sup>(2)</sup> laistigh de chreat Rialachán (AE) 2016/429, agus leagtar síos leis bearta speisialta rialaithe galar maidir le fiabhras clasaiceach na muc atá le cur i bhfeidhm ar feadh tréimhse theoranta ama ag na Ballstáit a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis sna criosanna srianta a liostaítear san Iarscríbhinn sin.
- (3) I bhfianaise éifeachtacht na mbeart faireachais agus rialaithe a rinneadh sa Bhulgáir i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún <sup>(3)</sup> agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934, de réir mar a chuir an Bhulgáir faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha, agus i bhfianaise na staide eipidéimeolaíche fabhraí atá ag fiabhras clasaiceach na muc sa Bhallstát sin, ba cheart críoch iomlán na Bulgáire a liostaítear mar chrios srianta in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934 faoi láthair, ba cheart é sin a scriosadh ón Iarscríbhinn sin anois.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934 a leasú dá réir.
- (5) I bhfianaise an fheabhais atá tagtha ar an staid eipidéimeolaíoch atá ag fiabhras clasaiceach na muc sa Bhulgáir agus chun a áirithiú nach mbeidh srianta míchuí ann i dtaobh an ghalair sin, ba cheart éifeacht a bheith ag na leasuithe a dhéanfar ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934 leis an Rialachán seo a luaithe is féidir.
- (6) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934.

<sup>(1)</sup> IO L 84, 31.3.2016, lch. 1.

<sup>(2)</sup> Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/934 ón gCoimisiún an 9 Meitheamh 2021 lena leagtar síos bearta speisialta rialaithe maidir le fiabhras clasaiceach na muc (IO L 204, 10.6.2021, lch. 18).

<sup>(3)</sup> Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le rialacha i dtaca le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Nollaig 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*  
*An tUachtarán*  
Ursula VON DER LEYEN

---

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN I

**CRIOSANNA SRIANTA**

**an Rómáin**

Críoch iomlán na Rómáine."

---

# CINNÍ

## CINNEADH (AE) 2021/2159 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Samhain 2021

### maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh tar éis iarratas ón Spáinn – EGF/2021/001 ES/País Vasco metal

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013 <sup>(1)</sup>, agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

Ag féachaint do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, comhar i gcúrsaí buiséadacha agus bainistiú fóna airgeadais, mar aon le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treocharlár maidir le tabhairt isteach acmhainní dílse nua <sup>(2)</sup>, agus go háirithe pointe 9 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Is é is aidhm don Chiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) dlúthpháirtíocht a léiriú agus fostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a chur chun cinn san Aontas trí thacaíocht a thabhairt d'oibrithe a cuireadh ar iomarcaíocht agus do dhaoine féinfhostaithe a bhfuil deireadh tagtha lena ngníomhaíocht i gcás mórtheagmhais athstruchtúrtaíthe, sin agus cúnaimh a thabhairt dóibh filleadh ar fhostaíocht chuibhiúil inbhuanaithe a luaithe is féidir.
- (2) Ní rachaidh CED thar uasmhéid bliantúil EUR 186 mhilliún (praghsanna 2018) faoi mar a leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 <sup>(3)</sup> ón gComhairle,
- (3) An 25 Meitheamh 2021, chuir an Spáinn iarratas isteach ar CED a shlógadh i ndáil le hiomarcaíochtaí oibrithe san earnáil eacnamaíoch a aicmítear faoi aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach ("NACE") <sup>(4)</sup> Athbhreithniú 2 rannán 25 (Monarú táirgí miotail monaraithe, seachas innealra agus trealamh) in Ainmníocht na nAonad Críche maidir le Staidreamh ("NUTS") <sup>(5)</sup> a bhaineann le País Vasco (ES21) na Spáinne, réigiún atá ar leibhéal 2 NUTS. Bhí faisnéis bhreise ann mar fhorlíonadh ar an iarratas sin, faisnéis a soláthraíodh i gcomhréir le hAirteagal 8(5) de Rialachán (AE) 2021/691. Comhlíonann an t-iarratas sin na coinníollacha le ranníocaíocht airgeadais ó CED a shocrú, coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2021/691.

<sup>(1)</sup> IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

<sup>(2)</sup> IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 28.

<sup>(3)</sup> Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11).

<sup>(4)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear aicmiú staidrimh gníomhaíochtaí eacnamaíocha NACE Athbhreithniú 2 agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3037/90 ón gComhairle chomh maith le Rialachán CE áirithe maidir le fearainn shonracha staidrimh (IO L 393, 30.12.2006, lch. 1).

<sup>(5)</sup> Rialachán Tarmlichte 2019/1755 ón gCoimisiún an 8 Lúnasa 2019 lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1059/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú coiteann d'aonaid chríochacha ar mhaithe le staidreamh (NUTS) a bhunú (IO L 270, 24.10.2019, lch. 1)

- (4) Dá bhrí sin, ba cheart CED a shlógadh chun ranníocaíocht airgeadais EUR 1 214 607 a sholáthar i leith an iarratais a chur an Spáinn isteach.
- (5) Chun íoslaghú a dhéanamh ar an am a theastaíonn chun úsáid a bhaint as CED, ba cheart feidhm a bheith ag an gcinneadh seo ó dháta a ghlactha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Faoi chuimsiú bhuiséad ginearálta an Aontais le haghaidh na bliana airgeadais 2021, déanfar an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha a shlógadh chun méid EUR 1 214 607 a sholáthar ina leithreasuithe i gcomhair gealltanais agus ina leithreasuithe íocaíochta.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón 25 Samhain 2021.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 25 Samhain 2021.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*  
*An tUachtarán*  
D. M. SASSOLI

*Thar ceann na Comhairle*  
*An tUachtarán*  
A. LOGAR

---

**CINNEADH (CBES) 2021/2160 ÓN gCOMHAIRLE****an 6 Nollaig 2021****Iena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1999 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sárúithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 7 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1999 <sup>(1)</sup>.
- (2) Tá feidhm ag na bearta a leagtar amach in Airteagail 2 agus 3 de Chinneadh (CBES) 2020/1999 a mhéid a bhaineann le daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2020/1999 go dtí an 8 Nollaig 2021.
- (3) Ar bhonn athbhreithniú a rinneadh ar an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2020/1999, ba cheart síneadh a chur, go dtí an 8 Nollaig 2022, leis na bearta a leagtar amach in Airteagail 2 agus 3 den Chinneadh sin a mhéid a bhaineann le daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a liostaítear san Iarscríbhinn sin, seachas a mhéid a bhaineann le duine amháin éagtha, ar cheart an iontráil ina leith a scriosadh ón Iarscríbhinn sin. Ba cheart na hiontrálacha a bhaineann le seachtar a áirítear san Iarscríbhinn sin a thabhairt cothrom le dáta.
- (4) Dá bhrí sin, ba cheart, Cinneadh (CBES) 2020/1999 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1999 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

*“Airteagal 10*

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 8 Nollaig 2023 agus coinneofar faoi shíor-athbhreithniú é. Beidh feidhm ag na bearta a leagtar amach in Airteagail 2 agus 3 a mhéid a bhaineann le daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí a liostaítear san Iarscríbhinn, go dtí an 8 Nollaig 2022.”;

- (2) leasaítear an Iarscríbhinn mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Nollaig 2021.

*Thar ceann na Comhairle**An tUachtarán*

J. CIGLER KRALJ

---

<sup>(1)</sup> Cinneadh (CBES) 2020/1999 ón gComhairle an 7 Nollaig 2020 maidir le bearta sriantacha in aghaidh sárúithe agus mí-úsáidí tromchúiseacha ar chearta an duine. (IO L 410I, 7.12.2020, lch. 13).

## IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2020/1999, leasaítear an liosta de dhaoine nádúrtha a leagtar amach i roinn A (“Daoine nádúrtha”) mar a leanas:

- (1) scriostar iontráil 11 (a bhaineann le Mohammed Khalifa AL-KANI (ar a dtugtar freisin: Mohamed Khalifa Abderrahim Shaqqi AL-KANI, Mohammed AL-KANI, Muhammad Omar AL-KANI));
- (2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha maidir leis an seachtar nduine nádúrtha seo a leanas:

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
“4.	Viktor Vasilievich (Vasilyevich) ZOLOTOV	Виктор Васильевич ЗОЛОТОВ	<p>Post/Poist: Stúirthóir ar Federal Service of National Guard Troops of the Russian Federation (Rosgvardia)</p> <p>Dáta breithe: 27.1.1954</p> <p>Áit bhreithe: Sasovo, Russian SFSR (Cónaidhm na Rúise anois)</p> <p>Náisiúntacht: Rúiseach</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Tá Viktor Vasilievich Zolotov ina Stúirthóir ar Federal Service of National Guard Troops of the Russian Federation (Rosgvardia) ón 5 Aibreán 2016 i leith agus, dá bhrí sin, ina Ardcheannasaí ar National Guard Troops of the Russian Federation, agus ina Cheannasaí ar OMON, aonad soghluaiste sainchuspóireach arna chomhtháthú in Rosgvardia. Sa cháil seo, déanann sé formhaoirseacht ar ghníomhaíochtaí uile thrúpaí Rosgvardia agus OMON. Ina cháil mar stúirthóir Rosgvardia, tá sé freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa Rúis, lena n-áirítear gabhálacha agus coinneálacha treallacha, agus sárúithe forleathana córasacha ar shaoirse comhthionóil shíochánta agus comhlachais, go háirithe trí chur faoi chois foréigneach agóidí agus léirsithe.</p> <p>Fostaíodh Rosgvardia chun deireadh a chur leis na léirsithe ar son Navalny a réachtáladh an 23 Eanáir agus an 21 Aibreán 2021, agus tuairiscíodh gur úsáid roinnt mhaith oifigigh de chuid OMON agus an Gharda Náisiúnta brúidiúlacht agus foréigean in aghaidh na n-agóideoirí. D'ionsaigh na fórsaí slándála na scórtha iriseoirí, lena n-áirítear comhfhreagraí Meduza, Kristina Safronova, ar bhuaíl oifigeach OMON í agus iriseoir ó Novaya Gazeta, Yelizaveta Kirpanova, a bhí ag cur fola i ndiaidh buille a fháil sa cheann le smachtín. Le linn na léirsithe an 23 Eanáir 2021, chuir na fórsaí slándála níos mó ná 300 mionaoiseach faoi choinneáil go treallach.</p>	2.3.2021
5.	ZHU Hailun	朱海仑 (Litriú Síneach)	<p>Post/Poist: Comhalta den 13th National People's Congress of the People's Republic of China (ina suí ó 2018 go 2023) agus ionadaíocht á déanamh aige ar Xinjiang Uyghur Autonomous Region (XUAR); Ball</p>	<p>IarRúnaí ar Political and Legal Affairs Committee of the Xinjiang Uyghur Autonomous Region (XUAR) agus iarLeas-Rúnaí an Party Committee of the XUAR (2016 go 2019). IarLeas-Cheann ar Standing Committee of the 13th People's Congress of the XUAR, comhlacht reachtach réigiúnach (2019 go dtí an 5 Feabhra 2021, ach gníomhach i gcónaí go dtí Márta 2021, ar a laghad). Comhalta den 13th National People's Congress of the People's Republic of China (ar seisiún</p>	22.3.2021

	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
			den National People's Congress Supervisory and Judicial Affairs Committee (ón 19 Márta 2018 i leith)	ó 2018 go 2023) agus ionadaíocht á déanamh aige ar XUAR. Comhalta den National People's Congress Supervisory and Judicial Affairs Committee ón 19 Márta 2018 i leith.	
			Dáta breithe: Eanáir 1958 Áit bhreithe: Lianshui, Jiangsu (China) Náisiúntacht: Síneach Inscne: fireann	Ina cháil mar Rúnaí ar Political and Legal Affairs Committee of the XUAR (2016 go 2019), is é Zhu Hailun a bhí freagrach as an tslándáil inmheánach agus forfheidhmiú an dlí in XUAR. Mar sin, bhí príomhról polaitiúil aige agus maoirseacht ar chláir faireachais, coinneála agus síolteagaisc ar mórscála, agus cur chun feidhme an chláir sin, faoina chúram aige ina ndéantar spriocdhírú ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile. Tá trácht déanta ar Zhu Hailun mar 'ailtire' an chláir sin. Tá sé freagrach, dá bhí sin, as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine sa tSín, go háirithe coinneálacha treallacha ar mórscála a rinneadh ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile.  Mar Leas-Cheann an Standing Committee of the 13th People's Congress of the XUAR (2019 go dtí an 5 Feabhra 2021), lean Zhu Hailun de thionchar cinntitheach a imirt in XUAR mar a bhfuil an clár faireachais, coinneála agus síolteagaisc ar mórscála ina ndéantar spriocdhírú ar Uigiúraigh agus ar dhaoine ó mhionlaigh eitneacha Mhoslamacha eile ag dul ar aghaidh.	
9.	JONG Kyong-thaek (ar a dtugtar freisin: CHO'NG Kyo'ng-t'aek)	정경택 (Litriú Cóiréach)	Post/Poist: Aire Slándála Stáit an Democratic People's Republic of Korea (DPRK) Dáta breithe: idir 1.1.1961 agus 31.12. 1963 Náisiúntacht: Democratic People's Republic of Korea (DPRK) Inscne: fireann	Is é Jong Kyong-thaek Aire Slándála Stáit Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPRK) ó 2017. Tá Aireacht Slándála Stáit DPRK ar cheann de na hinstiúidí ceannródaíocha a bhfuil de chúram orthu beartais slándála choisctheacha DPRK a chur chun feidhme, lena ndírítear ar easaontas polaitiúil, teacht isteach faisnéise 'treascraí' ó thar lear agus aon iompar eile a mheastar a bheith ina bhgairt thromchúiseach ar an gcóras polaitiúil agus ar a cheannaireacht a shainnaint agus a chur faoi chois.  Ina cháil mar Cheann ar an Aireacht Slándála Stáit, tá Jong Kyong-thaek freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine, go háirithe céasadh agus íde nó pionóis eile atá cruálach, mídhonna nó táireach, básuithe agus maruithe	22.3.2021



	Ainmneacha (Traslitriú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
				seachbhreithiúnacha, achomair nó treallacha, fuadach, agus gabháil agus coinneáil threallach, mar aon le saothar éignithe forleathan agus foréigean gnéasach i gcoinne na mban.	
10.	RI Yong Gil (ar a dtugtar freisin: RI Yong Gi, RI Yo'ng-kil, YI Yo'ng-kil)	리영길 (Litriú Cóiréach)	<p>Post/Poist: Aire Cosanta Náisiúnta an Democratic People's Republic of Korea (DPRK)</p> <p>Dáta breithe: 1955</p> <p>Náisiúntacht: Democratic People's Republic of Korea (DPRK)</p> <p>Inscne: fireann</p>	<p>Is é Ri Yong Gil Aire Cosanta Náisiúnta Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPRK). Ba é an tAire Slándála Sóisialta é ó Eanáir 2021 go dtí Meitheamh nó Iúil 2021. Ba é Ceannasaí ar Fhoireann Ghinearálta an Korean People's Army (KPA) é idir 2018 agus Eanáir 2021.</p> <p>Ina cháil mar Aire Cosanta Náisiúnta, tá Ri Yong Gil freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine in DPRK, lena n-áirítear na sárúithe sin a rinne comhaltaí den Military Security Command agus d'aonaid eile de KPA.</p> <p>Is iad Aireacht Slándála Stáit DPRK (ar a dtugtaí Aireacht Slándála na nDaoine nó Aireacht Slándála Poiblí tráth) agus an Military Security Command na príomhinstitiúidí a bhfuil de chúram orthu beartais slándála choisctheacha DPRK a chur chun feidhme, lena n-áirítear ceastóireacht agus pionós a chur ar dhaoine a bhí ag teitheadh 'go neamhdhleathach' ó DPRK. Tá an Aireacht Slándála Sóisialta i bhfeighil na gcampaí príosúin agus na n-ionad coinneála oibre trína Biúró Príosúin, mar a mbíonn príosúnaigh agus cimi faoi réir ocraas d'aon ghnó agus íde mhídhaoine eile.</p> <p>Ina cháil mar iarCheann ar an Aireacht Slándála Sóisialta, tá Ri Yong Gil freagrach as sárúithe tromchúiseacha ar chearta an duine in DPRK, go háirithe céasadh agus íde nó pionóis eile atá cruálach, mídhaoine nó táireach, básuithe agus marúithe seachbhreithiúnacha, achomair nó treallacha, fuadach, agus gabháil agus coinneáil threallach, mar aon le saothar éignithe forleathan agus foréigean gnéasach i gcoinne na mban.</p> <p>Ina cháil mar iarCheannaire ar Fhoireann Ghinearálta KPA, tá Ri Yong Gil freagrach chomh maith as sárúithe tromchúiseacha forleathana ar chearta an duine arna ndéanamh ag KPA.</p>	22.3.2021

	Ainmneacha (Traslitríú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
12.	Abderrahim AL-KANI (ar a dtugtar freisin: Abdul-Rahim AL-KANI, Abd-al-Rahim AL-KANI)	الرحيم الكاني عيد (Litriú Arabach)	Post/Poist: comhalta den Kaniyat Militia Dáta breithe: 7.9.1997 Náisiúntacht: Libiach Uimhir an phas: PH3854LY  Uimhir aitheantais: 119970331820  Inscne: fireann	Tá Abderrahim Al-Kani ina chomhalta lárnach den Kaniyat Militia agus is deartháir le Ceann an Kaniyat Militia, Mohammed Khalifa Al-Khani é (a d'éag i mí Iúil 2021). Bhí smacht ag an Kaniyat Militia ar bhaile Tarhuna sa Libia idir 2015 agus Meitheamh 2020.  Tá Abderrahim Al-Kani i gceannas ar an tslándáil inmheánach thar ceann an Kaniyat Militia. Sa cháil sin, tá sé freagrach as sárúithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine sa Libia, go háirithe daoine a mharú go seachbhreithiúnach agus a fhuadach le forneart idir 2015 agus Meitheamh 2020 in Tarhuna.  Theith Abderrahim Al-Kani agus an Kaniyat Militia ó Tarhuna go luath i mí an Mheithimh 2020 chuig oirthear na Libia. Ina dhiaidh sin, aimsíodh roinnt olluaigheanna in Tarhuna agus meastar gurb é an Kaniyat Militia is cúis leo.	22.3.2021
13.	Aiub Vakhaevich KATAEV (ar a dtugtar freisin: Ayubkhan Vakhaevich KATAEV)	Аиуб Вахаевич КАТАЕВ (ar a dtugtar freisin: Аиубхан Вахаевич КАТАЕВ) (litriú Rúisise)	Post/Poist: IarCheann an Department of Ministry of Internal Affairs de chuid Chónaidhm na Rúise i gcathair Argun sa Chechen Republic Dáta breithe: 1.12.1980 nó 1.12.1984 Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann	Ceann an Department of Ministry of Internal Affairs de chuid Chónaidhm na Rúise i gcathair Argun i bPoblacht na Seisnia go dtí 2018.  Ina cháil mar Cheann an Department of Ministry of Internal Affairs de chuid Chónaidhm na Rúise in Argun, rinne Aiub Kataev maoirseacht ar ghníomhaíochtaí a dhéanann gníomhaireachtaí áitiúla um shlándáil an stáit agus gníomhaireachtaí áitiúla póilínachta. Ina cháil sin, rinne sé féin maoirseacht ar an ngéarleanúint fhorleathan chórasach sa tSeisnia a thosaigh in 2017. Díritear an chos ar bolg ar dhaoine lespiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LGBTI), ar dhaoine a mheastar gur de ghrúpaí LGBTI iad, agus ar dhaoine eile a bhfuil amhras ina dtaobh go gcuireann siad i gcoinne Cheann Phoblacht na Seisnia. Tá Aiub Kataev agus fórsaí a bhí faoina cheannas tráth freagrach as sárúithe tromchúiseacha a dhéanamh ar chearta an duine sa Rúis, go háirithe céasadh agus íde eile atá cruálach, mídhaoonna nó táireach chomh maith leis an ngabháil agus an choinneáil threallach agus básuithe agus maruithe seachbhreithiúnacha nó treallacha.  Dar le go leor finnétithe, ghlac Aiub Kataev féin, páirt i gcéasadh coinnéalaithe agus rinne sé maoirseacht ar an gcéasadh sin.	22.3.2021

	Ainmneacha (Traslitríú isteach i script na Laidine)	Ainmneacha	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta an liostaithe
14.	Abuzaid (Abuzayed) Dzhandarovich VISMURADOV	Абузайд Джандарович ВИСМУРАДОВ (litriú Rúisise)	Post/Poist: IarCheannasaí ar fhoireann 'Terek' de chuid an Special Rapid-Response Unit (SOBR), Leas-Phríomh-Aire an Chechen Republic, garda cosanta neamhoifigiúil Cheann an Chechen Republic, Ramzan Kadyrov  Dáta breithe: 24.12.1975	IarCheannasaí ar Fhoireann 'Terek' de chuid an Special Rapid-Response Unit (SOBR). Leas-Phríomh-Aire Phoblacht na Seisnia ón 23 Márta 2020. Garda cosanta neamhoifigiúil Cheann Phoblacht na Seisnia, Ramzan Kadyrov.  Ba é Abuzaid Vismuradov ceannasaí fhoireann 'Terek' de chuid an SOBR ó Mhárta 2012 go dtí Márta 2020. Ina cháil sin, rinne sé féin maoirseacht ar an ngéarleanúint fhorleathan chórasach sa tSeisnia a thosaigh in 2017. Dírítear an chos ar bolg ar dhaoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LGBTI), ar dhaoine a mheastar gur de ghrúpaí LGBTI iad agus ar dhaoine eile a bhfuil amhras ina dtaobh go gcuireann siad i gcoinne Ceann Phoblacht na Seisnia Ramzan Kadyrov.	22.3.2021'
			Áit bhreithe: Akhmat-Yurt/Khosi-Yurt, Checheno-Ingush Autonomous Soviet Socialist Republic (ASSR) mar a thugtaí air, Chechen Republic mar a thugtar anois uirthi (Cónaidhm na Rúise)  Náisiúntacht: Rúiseach  Inscne: fireann	Tá Abuzaid Vismuradov agus an t-aonad 'Terek' a bhí faoina cheannas roimhe seo freagrach as sárú tromchúiseach a dhéanamh ar chearta an duine sa Rúis, go háirithe céasadh agus íde eile atá cruálach, mídhonna nó táireach chomh maith leis an ngabháil agus an choinneáil threallach agus maruithé agus básuithe seachbhreithiúnacha agus treallacha.  Dar le go leor finnétithe, ghlac Abuzaid Vismuradov féin, páirt i gcéasadh coinnéalaithe agus rinne sé maoirseacht ar an gcéasadh sin. Is dlúthchomhlach le Ramzan Kadyrov, Ceann Phoblacht na Seisnia, é, atá i mbun feachtas cos ar bolg i gcoinne a fhreasúra pholaitiúil le roinnt mhaith blianta.	

**CINNEADH (CBES) 2021/2161 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 6 Nollaig 2021**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/1788 chun tacú le Teach Imréitigh Oirdheisceartagus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Arm Éadrom (SEESAC) chun cur chun feidhme an Treochláir Réigiúnaigh maidir le gáinneáil aindleathachar airm a chomhrac sna Balcáin Thiar**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 19 Samhain 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/1788 <sup>(1)</sup>.
- (2) Foráiltear le Cinneadh (CBES) 2018/1788 do thréimhse cur chun feidhme 36 mhí le haghaidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chinneadh sin, ó dháta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3) de.
- (3) D'iarr an comhpháirtí cur chun feidhme, Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe, ag gníomhú dó thar ceann Theach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Arm Éadrom go gcuirfí síneadh le thréimhse cur chun feidhme Chinneadh (CBES) 2018/1788 go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2022, i bhfianaise na moille ar chur chun feidhme gníomhaíochtaí tionscadail faoi Chinneadh (CBES) 2018/1788 mar gheall ar thionchar phaindéim COVID-19.
- (4) Is féidir leanúint de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2018/1788 go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2022 a fheidhmiú gan aon iarmhairtí a mhéid a bhaineann le hacmhainní airgeadais.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 5(2) de Chinneadh (CBES) 2018/1788 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagal 5(2) de Chinneadh (CBES) 2018/1788:

“2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 17 Deireadh Fómhair 2022”.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Nollaig 2021.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. CIGLER KRALJ

<sup>(1)</sup> Cinneadh (CBES) 2018/1788 ón gComhairle an 19 Samhain 2018 chun tacú le Teach Imréitigh Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa um Rialú Mionarm agus Arm Éadrom (SEESAC) chun cur chun feidhme an Treochláir Réigiúnaigh maidir le gáinneáil aindleathach ar airm a chomhrac sna Balcáin Thiar (IO L 293, 20.11.2018, lch. 11).



ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)  
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)